# Comhaontú na Seirbhíse Poiblí (Páirc an Chrócaigh) 2010-2014
# Plean Gníomhaíochta

Baineann an Plean Gníomhaíochta seo le Oifig an Ard-Aighne (AGO), Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit (CSSO) agus leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí (CAD). Cuireann gach eagraíocht acu a cuid ábhair i láthair i dtrí réimse.

Leagann na chéad ranna amach na hathruithe, forbairtí agus tosaíochtaí iomadúla a d'fheidhmigh na hOifigí agus an Coimisiún chun éifeachtúlacht agus seirbhís don chustaiméir a fheabhsú agus chun costais a laghdú. Is bearta suntasacha iad seo agus táthar ag tógáil orthu go leanúnach toisc go gcreideann na hOifigí agus an Coimisiún gur próiseas leanúnach é an feabhsúchán.

Leagann na dara ranna amach na gníomhaíochtaí atá ar siúl ach nach bhfuil chomh lán-neadaithe leis na próisis a luadh sa chéad roinn.

Tá faisnéis sna tríú ranna faoi ghníomhaíocht nó thosaíochtaí a bhfuil beartaithe ag na hOifigí agus an gCoimisiún gabháil dóibh.

# Oifig an Ard-Aighne

I. Bearta i bhfeidhm

II. Bearta ar siúl

III. Bearta molta

# I. Bearta i bhfeidhm

| Forbairtí | Dul Chun Cinn | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|
| **Rialachas Corparáideach** | | | |
| Gnáthaimh Riosca | Bunaíodh réimeas bainistíochta Rioscaí san Oifig. Tá freagracht fhoriomlán ar Rúnaí Cúnta as an bpróiseas, a chuimsíonn athbhreithnithe sé-mhíosúla ar na clárlanna corparáide agus rioscaí, agus tuairiscíonn sé do MAC agus do Choiste Iniúchóireachta na hOifige, araon. | Ailt 1.10 agus 4.14 | I bhfeidhm agus leanúnach |
| Gnáthaimh um Chomhaid Íogaire | Tá gnáthaimh curtha i bhfeidhm ag an Oifig chun fógra a thabhairt don Rialtas go rialta faoi aon dlíthíocht íogair atá ag teacht ar aghaidh. Glacann an Oifig lár-ról comhordaithe chuige féin agus bíonn páirt ag na Ranna uile sa phróiseas. Cuirtear tuairiscí ar fáil don Rialtas trí uaire sa bhliain, i Márta, Iúil agus Samhain. | Ailt 1.10 agus 4.14 | I bhfeidhm agus leanúnach |
| MAC Dlí | D'fhonn dul chun cinn agus bainistiú dlíthíochta a mheas go straitéiseach, tagann MAC Dlí le chéile gach ceithre mhí. Bíonn foireann shinsearach AGO agus CSSO ina mbaill dó, mar aon leis an Ard-Aighne. | Ailt 1.10 agus 4.14 | I bhfeidhm agus leanúnach |
| Coiste Iniúchóireachta | Feidhmíonn an Coiste Iniúchóireachta, atá ceaptha go foirmeálta, faoi chairt scríofa agus le ionadaíocht shuntasach ón taobh amuigh, lena n-áirítear cathaoirleach seachtrach. Tagann sé le chéile ceithre | Ailt 1.10 agus 4.14 | I bhfeidhm agus leanúnach |

| Forbairtí | Dul Chun Cinn | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|
| | uaire sa bhliain agus aontaíonn agus maoirsíonn sé clár oibre an Iniúchóra Inmheánaigh. Ról lánaimseartha atá ag an Iniúchóir Inmheánach agus clúdaíonn sé AGO, CSSO agus an CAD.<br><br>Tugann obair an Choiste agus an Iniúchóra Inmheánaigh ráthaíocht neamhspleách maidir leis an rialú inmheánach airgeadais. | | |
| **Úsáid TF chun seirbhís a fheabhsú** | Tá comhoibriú iomlán idir fhoireann na hOifige agus an Coimisiún, i gcomhthéacs fhorfheidhmiú na dtionscadal TF agus gach próiseas, gnáthamh agus feidhmiúlacht a bhaineann léi.<br><br>Tá na hOifigí eolach ar na buntáistí agus an éifeachtúlacht atá le aimsiú trí TCF a fheidhmiú. Rinneadh go leor forbairtí, lena n-áirítear ACME agus FMS. | Ailt 1.10 , 4.1 agus 4.13 | I bhfeidhm agus leanúnach |
| ACME<br>(Ríomhchóras Bainistíochta Cásanna agus Taifead) | Tá comhchóras bainistíochta cásanna agus taifead dlí saindeartha, ACME, ag AGO agus CSSO. Cuireann an córas seo, a úsáidtear do na comhaid riaracháin, freisin, ar chumas an dá Oifig obair a eagrú agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh maidir le comhaid dlíthiúla. Cé go bhfuil gach comhad ar fáil i bhfoirm pháipéir, mar aon le ríomhleagan, tá ríomhchomhad amháin ann do chásanna a mbaineann ionchur ón dá oifig leo, e.g. comhaid dlíthíochta. Saincheapadh an córas le sreafa oibre, chun próiseáil tascanna cásbhainteacha | Ailt 1.10, 4.1 agus 4.13 | I bhfeidhm agus leanúnach |

| Forbairtí | Dul Chun Cinn | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|
| | a éascú. Ina theanntasan, cumraíodh an iliomad cáipéisí oifige sa tslí gur féidir go leor sonraí cásbhainteacha a uathphobalú. Ní hamháin go ndéanann na gnéithe seo den chóras soláthar le haghaidh laghdú na dtascanna riaracháin atriallacha, ach cuireann siad ar chumas na hoifige, freisin, tuairiscí bainistíochta a sholáthar, lena n-áirítear staitisticí maidir le ionchur, aschur agus tuairiscí faoin iliomad gnéithe eile d'obair na n-oifigí. | | |
| CBA<br>(Córas Bainistíochta Airgeadais) | Tá córas cuimsitheach bainistíocht airgeadais curtha i bhfeidhm ag an Oifig. Tá an córas mar chuid bhunúsach de na rialuithe inmheánacha chun airgeadas na hOifige a phróiseáil agus a bhainistiú, araon. Cuireann sé ar chumas na hoifige an próiseas ó cheannach go híoc a shruthlíniú agus tuairiscí cruinne tráthúla airgeadais a ghineadh don bhainistíocht.<br><br>Úsáideann MAC na tuairiscí chun monatóireacht agus rialú an chaiteachais a dhéanamh go ginearálta agus laistigh de limistéir oibre na mball. Úsáidtear an fhaisnéis a ghintear, freisin, chun riachtanais buiséid na hOifige a shainaithint.<br><br>Cinntíonn córas rianaithe acmhainní atá lán-chomhtháite leis an CBA, go gcoinnítear leorchórais rialuithe i dtaca le acmhainní uile na hOifige. | Ailt 1.10, 4.1, 4.13 agus 4.16 | I bhfeidhm agus leanúnach |

| Forbairtí | Dul Chun Cinn | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|
| | Déantar 98% d'íocaíochtaí uile AGO trí EFT. | | |
| Nuatheicneolaíocht eile | Tá an comh-Chóras AD, Peoplesoft, curtha i bhfeidhm agus tá sé in úsáid ag an Oifig. | Ailt 1.10, 4.1 agus 4.13 | |
| Ríomh-Leabhar Reachtanna na hÉireann (r-LRÉ) | Foilsíonn r-LRÉ téacs na nAchtanna agus Ionstraimí Reachtúla ó 1922 i leith ar an Idirlíon (www.irishstatutebook.ie) i bhformáid inchuardaithe chrostagartha (hipearnasctha). Foilsíonn an r-LRÉ, freisin, an Eolaire Reachtaíochta (1922 – Aibreán 2010). Nuashonraítear an r-LRÉ go rialta (ar bhonn míosúil ar a laghad) de réir mar a chuirtear reachtaíocht nua ar fáil.<br><br>Tá an r-LRÉ á nuashonrú faoi láthair chun ard-fheidhmiúlacht cuardaigh a chuimsiú, agus ar na feabhsúcháin eile atá á meas tá, rochtain níos fearr ar leaganacha PDF chun críocha priontála, agus chun Achtanna a nascadh go díreach leis an Eolaire Reachtaíochta.<br><br>Foinse leictreonach é an r-LRÉ a úsáideann an AE dá thairseach N-Lex chun rochtain ar reachtaíocht náisiúnta na mBallstát. | Ailt 1.10, 4.1 agus 4.13 | I bhfeidhm agus leanúnach |
| **Acmhainní Daonna** | Tugann an fhoireann sna hOifigí agus sa Choimisiún lán-chomhoibriú agus solúbthacht i gcomhthéacs fhorfheidhmiú na dtionscadal uile lena n-áirítear a ngealltanas glacadh le próisis, gnáthaimh agus córais nua. | Ailt 1.4, 1.5, 1.7, 1.8, 1.9, 1.10, 1.11, 1.12, 1.13, 1.14, 1.25, 1.27, 4.3, 4.4 agus 4.5 | I bhfeidhm agus leanúnach |
| Bronntar ardaithe céime trí chomórtais | Bronntar gach ardú céime in AGO trí chomórtais | Ailt 1.13 agus | I bhfeidhm agus leanúnach |

| Forbairtí | Dul Chun Cinn | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|
| iomaíocha atá bunaithe ar thuillteanas | iomaíocha atá bunaithe ar thuillteanas. | 4.11 | |
| Cur chuige comhairleach | Tá cur chuige comhairleach, go háirithe tríd an gCoiste Comhpháirtíochta, i bhfeidhm san Oifig.<br><br>Is é an Coiste i gcónaí an príomhfhóram chun aon athruithe a rachadh i bhfeidhm ar an bhfoireann, a phlé agus a thionscnamh. I gcás saincheisteanna nach bhfuil chomh leathan céanna, bíonn an Oifig ar fáil i gcónaí chun plé le páirtithe ábhartha ar nós na gCeardchumann.<br><br>Táthar i gcomhairle leis na Ceardchumainn go leanúnach faoi bhaill foirne shealadacha agus conarthacha a fhostú, agus faoi obair a sheachfhoinsiú. | Ailt 1.14, 1.23, 1.25, 1.27 agus 4.5 | I bhfeidhm agus leanúnach |
| PMDS | Tá PMDS lán-neadaithe in AGO. Úsáideann an Oifig an córas chun ról agus feidhmíocht a shoiléiriú agus a phlé. Níos luaithe i mbliana bhí an Oifig in ann a thuairisciú don Roinn Airgeadais go raibh ráta comhaill de 100% ann maidir le timthriall 2009 an PMDS.<br><br>Forfheidhmíodh go hiomlán gach athrú a láraontaíodh. Mar shampla, tá an córas nasctha go follasach le próisis na n-ardaithe agus na n-incrimintí tuarastail agus úsáidtear é, freisin, chun díriú ar shaincheisteanna feidhmíochta. | Ailt 1.12, 1.13 agus 4.12 | I bhfeidhm agus leanúnach |

| Forbairtí | Dul Chun Cinn | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|
| | | | |
| Earcaíocht | Lena chinntiú go n-earcaítear na hiarrthóirí is fearr do na gráid dhlíthiúla, bíonn earcaíocht oscailte ag AGO do leibhéal na bPríomh-Oifigeach Chúnta agus, uaireanta, do Phríomh-Oifigigh. Earcaítear iarrthóirí leis na scileanna gairmiúla ábhartha dlí, ar nós abhcóidí nó aturnaetha, trí phróiseas an-fhorbartha i gcomhar leis an tSeirbhís Ceapachán Poiblí. Úsáidtear trialacha scríofa agus agallóirí cleachta chun na hiarratasóirí is fearr a roghnú agus a chinntiú go gcoinnítear ardchaighdeán san Oifig. | Ailt 1.12, 1.13 agus 4.11 | I bhfeidhm agus leanúnach |
| Oiliúint fhoirmeálta foirne | Tá próiseas foirmeálta ionduchtaithe agus oiliúna ann do gach ball foirne nua. Comhlánaítear seo le oiliúint leanúnach le linn gairmréim gach ball foirne. Sainaithnítear riachtanais oiliúna trí phróiseas an PMDS, go háirithe.<br><br>Tarlaíonn seo uile laistigh den bhuiséad a dháiltear faoina choinne gach bliain. | Ailt 1.4, 1.12, 1.13 agus 4.12 | I bhfeidhm agus leanúnach |
| Solúbthacht foirne | Léiríonn an fhoireann solúbthacht ar an-chuid bealaí a léiríodh roimh theacht don PSA, mar shampla:<br><br>• Aistrítear baill foirne go rialta idir limistéir laistigh den Oifig, mar fhreagra ar chúinsí athruithe, mar shampla, chun taithí a scaipeadh, mar chúiteamh ar chailliúntí foirne, nó mar oiriúnú do riachtanais cliant. | Ailt 1.4, 1.5, 1.7, 1.11, 4.3, 4.4 agus 4.5 | I bhfeidhm agus leanúnach |

| Forbairtí | Dul Chun Cinn | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|
| | • Tríd an tionscadal iasachta, aistrítear roinnt ball foirne comhairleach go cliant-Ranna.<br>• Aontaíodh go n-úsáidfí baill foirne conarthacha chun déileáil le riachtanais áirithe.<br>• Obair dhlíthiúil a éiríonn as cruthú NAMA. Tá sé i gceist go n-oibreofar le saineolaithe ón earnáil phríobháideach sa chás seo.<br>• Táthar toilteanach páirt a ghlacadh i nGrúpaí Oibre inmheánacha agus tras-Rannacha. | | |
| Éiteas na foirne | Léiríonn an fhoireann:<br>- tiomantas d'ardchaighdeán oibre<br>- tiomantas don fhéinfhorbairt<br><br>agus oibríonn siad gan luach saothair ar feadh uaireanta breise agus neamhshóisialta go rialta, lena chinntiú go gcríochnaítear tascanna tábhachtacha. | Ailt 1.4, 1.10, 1.11, 1.12, 1.13, 4.14 agus 4.5 | I bhfeidhm agus leanúnach |
| Laghdú foirne | Ó tháinig moratóir isteach ar Líon Foirne na Seirbhíse Poiblí, níor líon an Oifig na folúntais san fhoireann de réir an líon foirne a bhí cheadaithe. Tá an fhoireann laghdaithe de 12 ball riaracháin ach go háirithe, agus iad atheagraithe lena chinntiú go leanfar leis na bunseirbhísí. Teorannaíodh folúntais san fhoireann riaracháin, chun a chinntiú nach gcuirtear as don soláthar comhairle dlí agus do dhréachtú reachtaíochta. Tá bunról ag an bhfoireann | Ailt 1.1, 1.4, 1.5, 4.1, 4.3 agus 4.4 | I bhfeidhm agus leanúnach |

| Forbairtí | Dul Chun Cinn | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|
| | riaracháin, áfach, ag tacú le seachadadh seirbhísí dlíthiúla, go háirithe sa mhéid gur féidir leo an fhoireann dlí a shaoradh chun díriú ar obair dhlíthiúil seachas ar thascanna mar chomhadú, taighde etc, agus níorbh éasca na foluntais a ionsú. Is ionann na folúntais agus 13% den fhoireann riaracháin, agus níl scóp ann do ghearrtha breise gan cur isteach ar leibhéal na seirbhísí dlí a sholáthraíonn an Oifig.<br><br>Tá líon na nDréachtóirí Pairliminte Conarthacha a fhostaíonn an Oifig laghdaithe ó chúigear go triúr. | | |
| Cothromaíocht Oibre is Saol | Tá tiomantas leanúnach ann do phatrúin freastail sholúbtha, d'fhonn feabhas a chur ar sheirbhísí do chliaint agus cúrsaí a éascú don fhoireann.<br><br>Ceadaíodh roinnt socruithe chun cuidiú le baill foirne cothromaíocht oibre is saol a aimsiú, mar shampla, saoire scoilbhliana, saoire tuismitheora, amanna oibre neamhfhisiciúla agus r-oibriú. Bhí sábháil ann don Oifig, freisin, de bharr cuid de na beartais seo. | Alt 4.7, 4.8 agus 4.9 | I bhfeidhm agus leanúnach |
| **Laghdú/Seachaint Costais** | | | |
| Laghdú ar Tháillí Abhcóidí | Go minic tarchuireann CSSO nótaí táille ó aturnaetha chuig Oifig an Ard-Aighne le cead a fháil do na táillí atá á lorg. I gcomhar le CSSO tá leibhéal na dtáillí a íoctar laghdaithe go mór le dhá | Ailt 1.4, 1.11, agus 4.1 | I bhfeidhm agus leanúnach |

| Forbairtí | Dul Chun Cinn | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|
| | bhliain anuas. (Féach tuilleadh eolais a leagtar amach in ábhar CSSO thíos.) | | |
| Costas comhairle dlí | Tugann an Oifig luach maith ar airgead. Léiríonn tuairiscí sna meáin le déanaí an costas ard a thabhaítear nuair a fhaightear comhairle dlí ó fhoinse san earnáil phríobháideach. Measann agus athbhreithníonn foireann AGO go leor den chomhairle sin ar aon nós, de bharr ról bunreachtúil an Ard-Aighne nó, go díreach, ar iarratas ó chliaint-Ranna. | Ailt 1.4, 1.11 | I bhfeidhm agus leanúnach |
| Laghdú costais | Tá na costais á laghdú ag an Oifig gach uair is féidir. I 2008 ba é €18.1 milliún an glanchaiteachas, i 2009 ba é €16.8 milliún an figiúr, agus i 2010 tá sprioc caiteachais de €14.0 milliún á bhaint amach againn. Is ionann seo agus laghdú de €4.1 milliún in aghaidh na bliana nó 22.6% thar thréimhse trí bliana.<br><br>Maidir le laghduithe foirne, bhí líon foirne ceadaithe de 140 duine ag an Oifig ag tús 2008. Ag deireadh 2010 beidh 126.6 ball foirne ag fónamh i.e. laghdú de 13.4 nó 9.5%. | Ailt 1.1, 1.2, 1.5, 1.10, 4.1 agus 4.3 | I bhfeidhm agus leanúnach |
| Sainghrúpa um Líon Foirne na hEarnála Poiblí agus um Chláir Chaiteachais | Mhol an Sainghrúpa dhá bheart ó thaobh AGO agus an LRC de. I gcás AGO, lorg said sábháil de €358,000, agus laghdaíodh a buiséad den mhéid sin, dá réir, do 2010. Mhol an Grúpa go gcuirfí deireadh leis an LRC, ach amháin ar bhonn riachtanais, agus | Ailt 1.3, 4.1 agus 4.17 | I bhfeidhm agus leanúnach |

| Forbairtí | Dul Chun Cinn | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|
| | go n-aistreofaí cuid dá obair chuig AGO. Rinne an tArd-Aighne moltaí malartacha faoi shábháil airgid don Taoiseach, áfach. Ina ionad, laghdaíodh buiséad an Choimisiúin de 33%, ó €3.4 milliún go €2.3 milliún sa bhliain. Tá an Coimisiún chun sprice maidir lena spriocanna aschuir uile, d'ainneoin na mbearta a bhí air a dhéanamh chun an leibhéal coigealtais seo a aimsiú. | | |
| **Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí** | Rannpháirt i gcruinnithe CMN, i nGrúpa Taighde RCS agus i nGréasán Oifigigh RCS, freastal ar sheimineáir lárshocraithe, ar chomhdhálacha, agus tuairisciú rialta na rannpháirtithe don Choiste ábhartha, do MACs áitiúla agus Príomha.<br><br>Rinne an Oifig suirbhéanna ar leith ar shásamh leantacha cliant agus custaiméirí ar thaobh na Comhairle agus an Riaracháin de agus Oifig na nDréachtóirí Pairliminte, i Márta agus Iúil, 2008, faoi seach. Bhí comparáid an-dearfach idir thorthaí na suirbhéanna, a bhí tagarmharcáilte in aghaidh torthaí an tsuirbhé roimhe sin i 2004, agus torthaí suirbhé 2004 sna príomhréimsí seo: cumarsáid, freagrúlacht agus tréimhsiúlacht, agus cruinneas agus caighdeán na dtorthaí agus seachadta seirbhísí. | Ailt 1.4, 1.5, 1.9, 1.10, 1.11, 1.12, 1.14, 4.1 | I bhfeidhm agus leanúnach |
| Seirbhís/solúbthacht do chliaint | Eagraítear cruinnithe athbhreithnithe foirmeálta go rialta le cliaint.<br><br>Measúnaítear agus déileáiltear le saincheisteanna a | Ailt 1.4, 1.9, 1.12, 1.14, agus 4.3, 4.4 agus 4.5 | I bhfeidhm agus leanúnach |

| Forbairtí | Dul Chun Cinn | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|
| | thógtar ag cruinnithe athbhreithnithe laistigh d'amlínte comhaontaithe.<br><br>Tomhaistear comhall Eolaí agus Cairt na Seirbhíse Cliaint trí aiseolas a fháil i gcomhthéacs cruinnithe rialta le cliaint, cruinnithe de Phainéal Comhairleach agus Riaracháin Cliant agus Custaiméirí, agus suirbhéanna ar chliaint agus ar chustaiméirí.<br><br>Leanadh leis na cruinnithe démhíosúla um eiseachadadh/Barántas Gabhála na hEorpa le cliant-Ranna, an Garda Síochána agus CSSO. Déileáiltear ar bhonn leanúnach le saincheisteanna a thógtar, maidir le cásanna indibhidiúla, catagóirí cásanna, bainistiú an réimse, cumarsáid idir pháirtithe leasmhara, cur chuige agus straitéisí atá le cur in iúl do phainéal abhcóidí, agus tadhall le Stáit iarrthacha agus le Seirbhís na gCúirteanna.<br><br>Cruinnithe athbhreithnithe démhíosúla le Oifig Stiúrthóir na gCúiseanna Poiblí agus CSSO maidir le cásanna bunreachtúla i réimse an dlí choiriúil.<br><br>Freastal an Ard-Aighne agus ionadaithe OPC ar chruinnithe Choiste Reachtaíochta an Rialtais agus ar chruinnithe rialta d'fhoireann OPC agus a gcliaint.<br><br>Cruinnithe désheachtainiúla idir an Ard-Aighne | | |

| Forbairtí | Dul Chun Cinn | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|
| | agus na Dréachtóirí Pairliminte uile chun dul chun cinn na reachtaíochta a athbhreithniú.<br><br>Cruinnithe seachtainiúla idir an Ard-Aighne, Príomh-Aturnae an Stáit agus na Cinn Rannáin chun ábhair ghnáth-thábhachta a phlé, lena n-áirítear saincheisteanna ginearálta riosca.<br><br>Dlúth-thadhall a choinneáil le Gníomhaireacht Éilimh an Stáit maidir le bainistiú na dlíthíochta um mhí-usáid leanaí.<br><br>Dlúth-chomhoibriú, i gcomhthéacs na saincheisteanna baincéireachta le déanaí, le dlíodóirí príobháideacha a d'fhostaigh an Roinn Airgeadais, leis an dlíodóir intí i NAMA agus lenár n-Abhcóide Comhairleach, atá ar iasacht ag rannán baincéireachta na Roinne Airgeadais.<br><br>Comhoibriú agus cruinnithe athbhreithnithe rialta idir fhoireann dlí na hOifige agus oifigigh Roinne chun cuí-straitéisí dlíthiúla a cheapadh a chinnteoidh bainistiú leanúnach éifeachtach ar dhlíthíocht bhaile agus ar chuid Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa (ECJ).<br><br>Feabhsaíodh seachadadh seirbhísí trí Ghrúpaí dlíthiúla a atheagrú de thoradh riachtanas athraithe na gcliant.<br><br>Tiomantas leanúnach do phatrúin sholúbtha | | |

| Forbairtí | Dul Chun Cinn | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|
| | freastail, chun seachadadh na seirbhísí chuig cliaint a fheabhsú agus chun cúrsaí a éascú do bhaill foirne.<br><br>Tionscadal Iasachta<br>(Féach thíos) | | |
| Comparáid le eagraíochtaí comhchosúla eile | Tionscadail chun feidhmíocht ag an leibhéal eagraíochtúil a thagarmharcáil in aghaidh eagraíochtaí comhchosúla i ndlínsí eile curtha i gcrích i gcás taobhanna Comhairleacha AGO / Dlíthiúla CSSO agus an OPC.<br><br>Rinneadh comparáid i 2008 le oifigí dlí phoiblí i ndlinsí eile, chun leiriú a thabhairt ar sheasamh na hOifige sa chomhthéacs idirnáisiúnta. Chuir an tionscadal seo an OPC i gcomparáid le Oifig an Abhcóide Pairliminte i Londain (PCO), óir ba é an comparadóir ab oiriúnaí. Scrúdaíodh tréimhse 5 bliain ó 2003 go 2007. Ba é an toradh ar an gcomparáid foirne, go raibh meán de 19 buandréachtóir agus 5 dréachtóir conarthach, in aghaidh 59 buandréachtóir a bhí fostaithe ag PCO. Ba í an chomparáid maidir le táirgeadh Billí, meán bliantúil de 41.6 Bille ag OPC Bhaile Átha Cliath agus meán bliantúil de 38.6 Bille ag Oifig PCO Londain, thar thréimhse 5 bliain. | Ailt 1.4, 1.12, 1.13, 4.1 agus 4.4 | I bhfeidhm agus leanúnach |
| Staitisticí | Táirgeadh Tuairiscí Aschuir go tráthrialta a | Ailt 1.4, 4.1 agus | I bhfeidhm agus leanúnach |

| Forbairtí | Dul Chun Cinn | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|
| | chláraigh líon na n-iarratas ar chomhairle ó chliaint agus an líon freagraí a cuireadh ar fáil. Is féidir na tuairiscí uile a thomhas in aghaidh tuairiscí roimhe seo chun méaduithe/laghduithe aschuir a mheas ó bhliain go bliain.<br><br>Ina theanntasan, cuirtear tionscadail ar bun chun anailís a dhéanamh ar thuairiscí, d'fhonn na leibhéil comhaill a chinntiú i gcás uathshreafa oibre. | 4.2 | |
| Rialú/Rochtain ar Reachtaíocht feabhsaithe | Cuireann an r-LRÉ go mór le saor-infhála reachtaíochta ar líne i bhformáid inchuardaithe chrostagartha. Cuireann an tEolaire Reachtaíochta (1922 – Aibreán 2010), atá ar fáil ar r-LRÉ, ar cumas úsáideoirí a shainaithint cibé ar leasaíodh foráil áirithe den Acht nó an raibh tionchar eile air ó achtaíodh é. Nuashonraítear r-LRÉ go tráthúil, de réir mar a chuirtear reachtaíocht nua ar fail. | Ailt 1.4, 1.10, 1.12, 4.1, 4.2 agus 4.13 | I bhfeidhm agus leanúnach |
| Scéim na Gaeilge | Tionscnaíodh chéadscéim na hOifige chun forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a fhorfheidhmiú in Oifig an Ard-Aighne, Sráid Mhuirfean, agus in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit, ar 20 Meitheamh 2007. Tá Plean Gníomhaíochta i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na ngealltanas a leagtar amach sa Scéim. Rinne Oifig an Choimisinéir Teanga an Scéim a athbhreithniú i Meitheamh/Iúil 2008. Tá Scéim nua don tréimhse 2010 – 2013, a leagann amach tiomantais na hOifige maidir le seirbhísí a sholáthar sa dá theanga thar thréimhse na Scéime, | Ailt 1.4, 1.10, 1.12 | I bhfeidhm agus leanúnach |

| Forbairtí | Dul Chun Cinn | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|
| | comhaontaithe leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, le dáta tosaithe den 18 Deireadh Fómhair 2010. | | |
| Oiliúint dhlíthiúil do Státseirbhísigh | Forbairt agus Seachadadh, trí CMOD, cúrsaí sa Dlí Riaracháin agus i ndréachtadh Reachtaíochta.<br><br>Phíolótaigh AGO 'Cúrsa sa Dlí Riaracháin do státseirbhísigh' trí CMOD, don chéad uair i 2008. Cuireann trí Abhcóide Comhairleach cleachta an cúrsa aon lae i láthair, agus cuireadh ceithre sheisiún den chúrsa ar fáil go dtí seo. Bhain seasca a cúig státseirbhíseach leas as an gcúrsa agus bhí an t-aiseolas uathu an-dearfach tríd is tríd. Oiriúnaíodh an cúrsa ar bhonn an aiseolais a fuarthas agus reáchtálfar dhá sheisiún eile den chúrsa i nDeireadh Fómhair na bliana seo. Toisc gur éirigh leis an gcúrsa, agus chun freastal ar an éileamh leanúnach, tá beartaithe ag AGO an cúrsa a chur ar fáil ar bhonn bliantúil.<br><br>Glacann OPC páirt i gcúrsaí oiliúna a chuireann CMOD ar fáil faoin bpróiseas reachtaíochta. Is é an Príomh-Dhréachtóir Pairliminte a sholáthraíonn iad seo. Cuireann na cúrsaí seo ar cumas na Ranna eolas a fháil ar an bpróiseas reachtaíochta, agus tá siad bunúsach, sa mhéid go dtugann siad breis feasachta do státseirbhísigh maidir le leibhéal na dtreoracha is gá uathu chun seirbhís éifeachtach dréachtaithe a éascú. | Ailt 1.4, 1.10 agus 4.12 | I bhfeidhm agus leanúnach |

| Forbairtí | Dul Chun Cinn | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|
| | Tá iarrtha ag an Roinn Sláinte agus Leanaí ar Dhréachtóir Parlaiminte páirt a ghlacadh i seimineár faoin bpróiseas reachtaíochta sna seachtainí atá romhainn. Tá sé i gceist go dtabharfaidh cur i láthair an Dréachtóir Parlaiminte léiriú níos fearr ar an bpróiseas do státseirbhísigh sa Roinn sin, a bhfuil clár suntsach reachtaíochta aici. | | |
| **Comhsheirbhísí** | Cur go leanúnach le seirbhís éifeachtach phoiblí, trí chúnamh a thabhairt chun seirbhísí dlí an Stáit a chomhordú.<br><br>Seirbhísí dlí a sholáthar go leanúnach don Rialtas chun beartas dlíthíochta a fhorfheidhmiú agus saincheisteanna tras-Rannacha a láimhseáil.<br><br>Bainistiú leanúnach a dhéanamh ar chomhtháthú seirbhísí dlí le CSSO.<br><br>Freastal leanúnach ar, agus rannpháirt na foirne dlíthiúla in, an-chuid Grúpaí Oibre, Coistí agus Coimisiún idir-Rannacha.<br><br>Forfheidhmiú agus leathnú leanúnach an Chláir um Iasacht Abhcóidí (féach thíos).<br><br>Léiríodh an comhordú a rinneadh le comhairleoirí dlí i Ranna Rialtais agus reáchtáladh cruinniú athbhreithnithe 6-mhíosúil. | Ailt 1.4, 1.9, 1.10, 1.11 agus 4.15 | I bhfeidhm agus leanúnach |

| Forbairtí | Dul Chun Cinn | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|
| | Léiríodh freastal rialta Abhcóidí Comhairleacha ar, agus a bpáirtíocht in an-chuid Grúpaí Oibre, Coistí agus Coimisiún Idir-rannach, tríd an gcomhairle a tugadh ar ghnéithe dlíthiúla de shaincheisteanna trasghearrtha.<br><br>Déileáladh le saincheisteanna tras-Rannacha i gcomhthéacs cruinnithe démhíosúla de Chomhchoiste MAC AGO/CSSO agus MAC Dlí.<br><br>Tugann scaipeadh an Mheamraim agus na Tuairisce um Chásanna Íogair Bunreachtúla chuig Ranna ábhartha gach ceithre mhí, sula gcuirtear roimh an Rialtas é, deis do Ranna na cásanna tábhachtacha seo a athbhreithniú agus a dtuairimí a thabhairt lena gcuimsiú sa Tuairisc don Rialtas.<br><br>Cruinnithe rialta le CSSO agus páirtithe leasmhara eile mar is cuí chun saincheisteanna tábhachtacha tras-Oifige i réimse an eiseachadta agus tearmainn a phlé.<br><br>Tá cur chuige seachadta comhsheirbhísí curtha i bhfeidhm ag AGO agus CSSO ó thaobh fhorbairt na gcóras ACME agus FMS. Cuireadh comh-Aonad TF ar bun chun feidhmiú na gcomhchóras a mhaoiniú.<br><br>Tá comhfheidhm CMU agus Iniúchóireachta | | |

| Forbairtí | Dul Chun Cinn | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|
| | Inmheánaí i bhfeidhm agus cé go bhfuil na feidhmeanna oiliúna scartha, tá na hócáidí a shocraíonn gach Oifig ar leith oscailte do bhaill foirne ón oifig eile. | | |
| Clár Iasachta | Tá 15 Abhcóide Comhairleach tugtha ar iasacht do Ranna Rialtais.<br><br>Is iad na Ranna rannpháirteacha: Dlí & Ceart agus Athchóiriú Dlí (2 iasacht), Airgeadas (2 iasacht), Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha, Talmhaíocht, Iascach agus Bia, Fiontar, Trádáil agus Nuálaíocht, Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil, Sláinte agus Leanaí (2 iasacht), Oideachas agus Scileanna (2 iasacht), Coimirce Shóisialach, Iompar agus Gnóthaí Eachtracha.<br><br>Tacaíonn Leabharlann & Aonad Fios Gnó an AGO leis an Abhcóide Comhairleach atá ar iasacht don Rialtas, trí rochtain a thabhairt ar uirlisí agus acmhainní dlíthiúla cuí agus trí sheirbhísí feasachta reatha a sholáthar. Cinntíonn seo go mbíonn rochtain ag dlíodóirí atá ar iasacht ar na huirlisí taighde dlí atá riachtanach, agus tá sábháil féideartha costas ann, freisin, ós rud e nach gá do ranna rochtain a sholáthar ar na hacmhainní dlíthiúla seo.<br><br>Tugann Abhcóidí Comhairleacha treoir leanúnach faoi straitéis dhlíthiúil mar is cuí, trí chruinnithe | Ailt 1.4, 1.7, 1.9, 1.10, 1.11, 4.3, 4.4 agus 4.15 | I bhfeidhm agus leanúnach |

| Forbairtí | Dul Chun Cinn | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|
| | athbhreithnithe rialta le CSSO agus le oifigigh na Roinne chun bainistiú éifeachtach leanúnach a chinntiú ar dhlíthíocht bhaile agus ar dhlíthíocht Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa. | | |
| Soláthar seirbhísí leabharlainne agus taighde dlí. | Cuidíonn Leabharlann agus Aonad Fios Gnó AGO le soláthar na seirbhísí dlí don Stát, trí leabharlann ghairmiúil, acmhainní agus seirbhísí taighde agus fios gnó a sholáthar agus a fhorbairt.<br><br>Cé gur seirbhís fhadbhunaithe í, is é an cuspóir feasta, seirbhís den chaighdeán is airde is féidir a sholáthar agus freagairt go cumasach éifeachtúil do na riachtanais taighde athraithe atá ag oifig dlí nua-aimseartha rialtais.<br><br>Chomh maith leis na seirbhísí taighde dlí agus feasachta reatha a sholáthar, cuirtear béim ar leith ar acmhainní agus ar sheirbhísí faisnéise a sholáthar ar deasc, agus ar oiliúint na scileanna faisnéise. Agus aird á tabhairt ar an sainfheidhmiú dlíthiúil leanúnach laistigh de AGO, tá an tseirbhís taighde dlí atheagraithe ag an leabharlann agus an tseirbhís taighde, agus soláthraíonn taighdeoirí dlí anois tacaíocht taighde dlí agus fios gnó do Ghrúpaí scoite d'Abhcóidí Comhairleacha agus Dréachtóirí Parlaimintí.<br><br>Oibríonn an tAonad go dlúth, freisin, leis an Leabharlann agus Aonad Fios Gnó in Oifig | | I bhfeidhm agus leanúnach |

| Forbairtí | Dul Chun Cinn | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|
| | Phríomh-Aturnae an Stáit, agus roinneann sé a chóras bainistíochta leabharlainne le CSSO agus LRC. | | |

## II. Bearta ar Siúl

| Sainghníomhaíocht | Buntáistí | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|
| CBA (Córas Bainistíochta Airgeadais) | Tá feidhmiúlacht an chórais á feabhsú faoi láthair.<br><br>Ligfidh an feabhsú seo don chóras tuairiscí airgeadais feabhsaithe a sholáthar a chuimseoidh faisnéis cuntasaíochta fabhraithe ina luafar sonraí na ngealltanas airgeadais atá glactha ar láimh ag an Oifig/na hOifigí. | Alt 1.10, 4.1, 4.2, 4.13, 4.15 agus 4.16 | I bhfeidhm agus leanúnach |
| Gnáthaimh Saoire Tinnis | Go luath i 2010 rinne an Oifig iniúchadh ar shaoire tinnis i 2008 agus 2009, mar chuid dá straitéis chun déileáil le saincheisteanna a tógadh i dTuairisc an ARC&C maidir le Neamh-láithreacht Tinnis sa Státseirbhís. I measc na moltaí a rinne MAC bhí: | Alt 1.4 agus 4.10 | I bhfeidhm agus leanúnach |

| Sainghníomhaíocht | Buntáistí | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|
| | Meabhrúcháin rialta a eisiúint don fhoireann uile maidir leis na gnáthaimh neamhláithreacht tinnis.<br><br>Meabhrúchán a eisiúint do gach ball foirne maidir leis an ngá atá ann foirmeacha leasa shóisialaigh a chur isteach.<br><br>Litir nua atá á eisiúint do bhaill foirne a bhfuil 12 lá nó níos mó neamhláithreachta carntha acu, as trí nó níos mó neamhláithreachtaí i dtréimhse 12 mí (cibé tá na neamhláithreachtaí clúdaithe ag dearbhú dochtúra nó nach bhfuil). Cinnteoidh seo go mbeidh idir fhoireann agus bhainisteoirí feasach ar na leibhéil saoire tinnis.<br><br>Leasuithe ar an bhfoirm incriminte chun aird bainisteoirí a dhíriú ar an ngá atá ann saoire tinnis a chur san áireamh sa mheasúnú nuair atá cinneadh á dhéanamh an cóir incrimint a íoc.<br><br>Seoltar iomláin na neamhláithreachtaí tinnis chuig bainisteoirí trí r-phost roimh chruinnithe athbhreithnithe eatramhacha agus bliantúla. Lamhálfaidh seo plé ar shaoire tinnis, más gá sin, ag cruinnithe PMDS.<br><br>Tagraítear na hoifigigh leis an CMD a luaithe is féidir, má ardaítear ceisteanna faoina saoire tinnis.<br><br>Déanfaidh an tAonad AD iniúchadh bliantúil ar shaoire tinnis. | | |

| Sainghníomhaíocht | Buntáistí | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|
| | Réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú foriomlán ar an méid saoire tinnis a charnann baill foirne de bharr na mbearta seo. | | |
| PMDS | Sula ndéantar athbhreithnithe PMDS bliantúla agus eatramhacha, seolann an tAonad AD sonraí faoi shaoire tinnis oifigigh chuig gach bainisteoir. Lamhálann seo, más gá, plé ar shaoire tinnis ag cruinnithe PMDS. Tá sé i gceist go gcuideoidh an beart seo le laghdú leibhéal foriomlán na saoire tinnis. | Ailt 1.4, 1.13 agus 4.12 | I bhfeidhm agus leanúnach |
| Tuairiscí Bainistíochta do Chomhaid Dlí | Mar aon leis an ngnáthamh faoi chomhaid íogaire, tá dhá chóras chomhthreormhara ann maidir le tuairiscí bainistíochta foirmeálta faoi chomhaid dlí. Ar dtús, cuireann gach grúpa Abhcóidí Comhairleacha tuairisc scríofa ar fáil tar éis a chruinnithe bhuíne seachtainiúil agus pléitear ansin í ag cruinniú seachtainiúil na nAbhcóidí Comhairleacha Grád 1 faoi chathaoirleacht an Ard-Stiúrthóra. Cuirtear na tuairiscí seo ansin chuig an Ard-Aighne le haghaidh breithnithe agus ráitis. Sa dara háit, cuirfidh na hAbhcóidí Comhairleacha tuairisc chuig an mbainistíocht gach 8 seachtain, ag tuairisciú aon iarratas ar chomhairle nach bhfuil faighte tar éis tréimhse 8 seachtain nó níos mó.<br><br>Cuimsíonn an córas ACME, freisin, feidhm a chuirfidh sealbhóirí comhad ar a n-airdeall faoi chomhaid atá amuigh. | Ailt 1.10, 4.1, 4.4 agus 4.14 | |

| Sainghníomhaíocht | Buntáistí | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|
| | | | |
| Athbhreithniú ar Ghnáthaimh Airgeadais | Tá athbhreithniú coimisiúnaithe ag an Oifig ar a cáipéisíocht faoi bheartas airgeadais agus gnáthaimh.<br><br>Soláthróidh an t-athbhreithniú seo ráthaíocht faoi éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais a fheidhmíonn an Oifig. Cinntíonn sí go gcloíonn na rialuithe agus an próiseas leis an gcleachtas is fearr agus go sásaíonn siad na riachtanais mar is cuí, ó thaobh cruinnis, iontaofachta agus sábháilteachta. | Ailt 1.4, 1.10, 1.12 agus 4.14 | Le críochnú roimh dheireadh 2010 |

# III. Bearta Molta

| Uimhir Gníomhaíochta | Sainghníomhaíocht | Buntáistí | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|---|
| 1. | **Dáiliú Acmhainní le haghaidh Saincheisteanna Práinneacha Dlí**<br>Dáileadh acmhainní ar bhonn solúbtha chun déileáil le mórthionscadail phráinneacha, atá múnlaithe ar an modh oibre a forbraíodh chun déileáil leis na saincheisteanna dlí agus leis an | Láimhseálfar an t-athrú leis na hacmhainní atá againn, agus beidh seo ina chabhair chun comhairlí den chaighdeán is airde a sholáthar. Beidh cumas níos fearr ag AGO freagairt do shaincheisteanna de réir mar a éiríonn siad, agus beidh saineolas breise ar fáil, i | Ailt 1.4, 1.11, 1.12, 4.3 agus 4.4 | Dáilfear acmhainní ar bhonn leanúnach solúbtha ar thionscadail ar leith mar is gá, d'fhonn seachadadh pras éifeachtach comhairle dlí den chaighdeán is airde a chinntiú. |

| Uimhir Gníomhaíochta | Sainghníomhaíocht | Buntáistí | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|---|
| | tromualach oibre a éiríonn as an ngéarchéim baincéireachta.<br><br>Oibreoidh foirne abhcóidí comhairleacha agus dréachtóirí parlaiminte go solúbtha chun freagairt phras agus ard-chaighdeán comhairle agus reachtaíochta a chinntiú mar fhreagra ar an ngéarchéim.<br><br>Tugtar faoi deara, mar a tuairiscíodh i dTuarascáil Bhliantúil Sheirbhísí na gCúirteanna 2009, go bhfuil claonadh suas ar chásualach na gcúirteanna. Tá seirbhísí Stáit i dtreis sna cásanna seo. Is dúshlán é an claonadh seo, ach déileálfar leis i gcónaí leis na hacmhainní atá againn. | gcomhthéacs casta ildisciplíneach, i gcomhar le dlíodóirí seachtracha agus le lán-chomhoibriú na bpáirtithe leasmhara uile, rud a chothóidh seirbhís de chaighdeán níos fearr don Ard-Aighne, don Rialtas agus don saoránach. | | |
| 2. | **Luas Cumarsáide**<br>Modhanna cumarsáide AGO a fheabhsú chun inrochtaine agus freagrúlachta do pháirtithe leasmhara a mhéadú, chun déileáil le saindúshláin na mórthionscadal, ar nós páirtithe leasmhara de líon mór, dianmhéid na n-idirbhearta agus práinne na hoibre. | Éascóidh an t-athrú soláthar comhairlí d'ardchaighdeán. Beidh cumas níos fearr ag AGO freagairt do shaincheisteanna de réir mar a éiríonn siad, agus saineolas breise ar fáil i gcomhthéacs casta ildisiplíneach, le lánchomhoibriú na bpáirtithe leasmhara uile. | Ailt 1.4, 1.11, 1.12, 4.1, 4.3 agus 4.4 | Feabhsófar modhanna cumarsáide AGO ar bhonn leanúnach, lena chinntiú go seachadfar comhairle dlí den chaighdeán is airde go pras éifeachtach. |

| Uimhir Gníomhaíochta | Sainghníomhaíocht | Buntáistí | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|---|
| | Éascóidh an Oifig úsáid modhanna cumarsáide ardluais na n-ilúsáideoirí chun smaointe a phlé agus comhairlí foirmeálta a eisiúint. Déanfaidh AGO móriarracht chun córais reatha ar nós ACME a ailíniú, lena chinntiú go ndéanfar cumarsáid dá shórt a thaifeadadh agus go ndéileálfar léi mar chuid den phróiseas foirmeálta oibre agus den taifead oifigiúil. | | | |
| **3.** | **Roll amach breise an Chláir Iasachta** | I gcomhar le cliant-Ranna, féachfaidh an Oifig le breis foirne a sholáthar dá Clár Iasachtaí, a lonnaíonn foireann dlí AGO laistigh de Ranna. Cuireann an Clár comhairle agus treoir dhíreach dlí ar fáil don chliant agus tá sé i bhfeidhm go rathúil i 11 Roinn. | Ailt 1.4, 1.7, 1.9, 1.10, 1.11, 4.3, 4.4 agus 4.15 | Tosóidh plé le Ranna faoi dheireadh 2010. |
| **4.** | Leanfaidh an Oifig ag obair go dlúth leis an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair (SNS) ag dearadh agus ag cruthú sraith cáipéisí caighdeánaithe le haghaidh Tairiscintí agus Conarthaí. | Tá sraith cáipéisí caighdeánaithe le haghaidh Tairiscintí agus Conarthaí á gcur ar fáil ag an Oifig i gcomhar leis an Rannóg Conarthaí Tráchtála in CSSO, le húsáid ag Údaráis Chonarthacha ar fud an Stáit, lena n-áirítear an Rialtas láir, na húdaráis áitiúla, an earnáil Sláinte agus Oideachais, chomh maith le gníomhaireachtaí chun earraí agus seirbhísí a sholáthar. Úsáidfear na cáipéisí | Alt 1.1, 1.4, 1.9, 1.10, 1.11, 4.1, 4.2, 4.4, 4.13, 4.15. Freisin Ailt 2, 10 agus 11 den aguisín leis na Comhaontuithe: Roghanna | Cuirfear na teimpléid agus treoracha in iúl do na hAirí Rialtais i Samhain 2010. |

| Uimhir Gníomhaíochta | Sainghníomhaíocht | Buntáistí | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|---|
| | | chun na heagraíochtaí seo a threorú tríd an bpróiseas ábhartha agus chun cuidiú leo fadhbanna a sheachaint a chothódh moill i mbronnadh conarthaí, neamhéifeachtúlacht agus neamhchosaint ar airgeadas. | Seachadta seirbhísí | |
| 5. | **Forbair prótacail le Ranna/Oifigí chun na módhanna is éifeachtúla idirghníomhaíochta a aontú leis an Oifig**<br><br>Déan tógáil ar na treoirlínte atá ann chun comhairle a lorg, agus ar Lámhleabhar na Comh-Aireachta i gcás dréachtú reachtaíochta. | Trí thomhas, feabhsófar éifeachtúlacht na hOifige agus na gcliant-Ranna. Go minic cuirtear am amú toisc go gcuireann Ranna isteach iarratais ainullmhaithe nó nár meádh a ndóthain, ar chomhairle nó ar dhréachtú dlíthiúil. Tríd an gclár oideachais seo a ghlacadh, tá sé beartaithe go mbeidh an t-ábhar a chuirtear isteach iomlán, rud a chuirfidh ar chumas speisialtóirí AGO díriú ar an gcomhairle nó dréachtú atá de dhíth, seachas a bheith ag cuidiú leis an Roinn an t-iarratas a athchumadh nó smaoineamh athuair air. | Ailt 1.4, 1.9, 1.10, 1.11, 1.12, 1.13, 4.1, 4.4, 4.11, 4.12, 4.14 agus 4.15 | Ag tosú i bhFeabhra 2011 ba chóir an tionscadal a bheith críochnaithe faoi Meán Fómhair 2011. Tá sé beartaithe torthaí an chláir a athbhreithniú i dtreo lár 2012. |
| 6. | **Measúnú a dhéanamh an gá cúrsaí breise a sheachadadh i gcomhar le CMOD, chun státseirbhísigh a oiliúint i gcúrsaí tábhachtacha ábhartha dlí ar nós Dlí an AE, lena n-áirítear dréachtú Ionstraimí Reachtúla agus ullmhú reachtaíochta.** | Feictear don Oifig go bhfuil buntáiste ag baint le foireann ábhartha sa státseirbhís a oiliúint i raon cúrsaí dlí. Cuideoidh feasacht bhreise ar bhunfhorálacha príomhreachtaíochta, ar nós Dlí an AE, le oifigigh Rannacha agus iad ag breithniú agus ag ullmhú beartas. Cuideoidh sé leis na hoifigigh, freisin, fadhbanna féideartha | Ailt 1.4, 1.9, 1.10, 1.11, 1.12, 1.13 4.1, 4.4, 4.11, 4.12, 4.14 agus 4.15 | Tosófar ag breithniú sonraí an tionscadail sa chéad ráithe de 2011, le siúl go dtabharfar na léachtanna tosaigh faoi dheireadh na bliana. |

| Uimhir Gníomhaíochta | Sainghníomhaíocht | Buntáistí | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|---|
| | | a aithint níos luaithe. | | |
| 7. | **Glac gach céim is gá chun cuidiú lenár gcliaint cuspóirí Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí a aimsiú.** | Tuigeann an Oifig na buntáistí a bheidh ann earnáil phoiblí níos cumasaí agus níos éifeachtúla a bhaint amach. Tuigtear, freisin, nach mbeidh an próiseas i gceist éasca. Tá a cleachtais oibre agus a heagraíochtá á síorfhorbairt agus á n-oiriúnú aici le 10 bliain anuas, áfach, lena chinntiú go bhfuil sí ag feidhmiú go héifeachtúil agus ag sásamh riachtanais a cliant. Bhéarfaidh an Oifig cúnamh dár gcliaint sna céimeanna a bheidh á nglacadh acu chun an Comhaontú a fhorfheidhmiú. Tharlódh sé gur gá, chun an PSA a fhorfheidhmiú, bearta dlí a fhoirmliú a éileoidh comhairle, dréachtú nó dlíthíocht, agus tabharfaidh an Oifig i gcónaí seirbhís ardchaighdeáin chun cuidiú leis na bpróiseas seo. | Gach alt | Chun spriocamanna a leag an Comhlacht Forfheidhmithe síos. |
| 8. | **Cabhrú le Cliant-Ranna bunachar sonraí a chruthú de chomhairlí AGO roimhe seo.** | De réir straitéis KM na hOifige, cabhróidh an Oifig:<br>(a) Le comhairleoirí dlí ar iasacht, ar mian leo comhairlí a thug an Oifig seo dá roinn cheana a chóimheas<br>(b) Le Ranna atá ag tógáil bunachair sonraí de chomhairlí AGO, trí chomhairlí a r-sholáthar nuair a iarrtar sin orainn. | Ailt 1.4, 1.9, 1.10, 1.11, 1.12, 1.13, 4.1, 4.4, 4.11, 4.12, 4.13, 4.14 agus 4.15 | An tionscnamh a chur in iúl do chliaint roimh dheireadh 2010. Leanúint leis de réir mar is gá sa chéad ráithe de 2011. Lánfheidhmiú de réir amchláir a bheidh aontaithe leis an gcliant. |

| Uimhir Gníomhaíochta | Sainghníomhaíocht | Buntáistí | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|---|
| | | Cuirfear in iúl do Ranna go bhfuil an tseirbhís seo ann agus iarrfar orthu teagmháil leis an Oifig chun é a chur i bhfeidhm. Éileoidh an tionscadal an-chuid oibre ar an Oifig, go háirithe trí iarracht a dhéanamh an oiread comhairlí agus is féidir a tugadh roimhe sin a ghabháil, ach beidh na ranna in ann stór a chur le chéile de chomhairlí a bhain lena gcuid oibre féin agus a fuarthas roimhe sin. Chomh maith le bheith ina uirlis taighde gasta do ranna, ba chóir go laghdódh sé, freisin, an líon uaireanta a mbeidh comhairle chomhchosúil á lorg ar ócáidí éagsúla. | | |
| 9. | **Aistriú obair dlí maidir le GP thar lear na bhFórsaí Cosanta** | Maidir le héilimh ar ghortuithe pearsanta (GP) a bhaineann le dualgas thar lear phearsanra na bhFórsaí Cosanta, an fhreagracht as a aistriú ó AGO/CSSO go Gníomhaireacht Éileamh an Stáit (GÉS) a éascú. Bheadh gluaiseacht dá shórt costas-éifeachtach de bharr éifeachtúlachta, eacnamaíochtaí scála agus saineolas an GÉS. | Ailt 1.4, 1.10, 1.14, 4.1 agus 4.4 | Le cur i gcrích le linn 2011. |
| 10. | **Feabhsú na Bainistíochta Eolais; go háirithe an tionscadal fios gnó.**<br><br>**Feabhsú agus leathnú bunachar sonraí an fhios gnó dlíthiúil atá ar fáil** | Forfheidhmeofar Straitéis Bainistíochta Eolais 2010 – 2013 AGO agus CSSO, mar a aontaíodh í le MAC agus Comhpháirtíocht, sna blianta beaga atá le teacht. Mar oifigí dlí, is eagraíochtaí | Ailt 1.4, 1.10, 1.11, 1.12, 1.13, 4.1 agus 4.13 | Sainaithint cuí-réiteach bogábhair faoi dheireadh 2010. Lánfheidhmiú, lena n-áirítear oiliúint faoi dheireadh Mheithimh |

| Uimhir Gníomhaíochta | Sainghníomhaíocht | Buntáistí | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|---|
| | **san Oifig** | eolasbhunaithe iad AGO agus CSSO. Saincheaptar straitéisí bainistíochta eolais chun éifeachtúlacht a chothú (e.g. éascaíocht aisghabhála agus comhroinnte, agus athúsáid eolais), cáilíocht agus comhsheasmhacht comhairle dlí, agus bainistiú agus maolú rioscaí, go háirithe rioscaí clú. Cothaíonn siad seo buntáistí costais dúinn féin agus dár gcliaint. Baineann cuid de na moltaí le bealaí difriúla oibre, seachas le caiteachas. Meastar nach mór an costas a bhainfidh leis an bhfeidhm Fios Gnó nua, ach go soláthróidh sé uirlis chumhachtach bainistíochta agus infhála eolais dlí in AGO / CSSO. | | 2011. |
| **11.** | **r-Reachtaíocht: Forbairt uirlis ceapadóireachta le haghaidh obair reachtaíochta** | Tá an OPC faoi láthair ag déanamh tástála próisis ar uirlis cheapadóireachta (an Binse Oibre Reachtaíochta (BDR)) chun tacú le próiseas ceapadóireachta agus bainistíochta na dtéacsanna reachtaíochta (Billí, leasuithe Rialtais agus Ionstraimí Reachtúla), d’fhonn atheochrú, profléamh agus gnáthrianú, agus forchostais riaracháin a laghdú nuair atá reachtaíocht á hullmhú. Má fheidhmítear í, comhtháthófar an uirlis cheapadóireachta le feidhmiú beartaithe BDR i dTithe an | Ailt 1.4, 1.9, 1.10, 1.11, 1.12, 4.1 agus 4.13 | Tá obair scóipeála ar siúl ar an tionscadal cheana. Ag tosú i mBealtaine 2010, ghlac baill de OPC le céadseisiún oiliúna ar an BDR, agus chuir an fhoireann tionscadail tuairisc le chéile ina dhiaidh. Ag éirí as an tuairisc cuireadh plé breise i gcrích le Tithe an Oireachtais chun comhad |

| Uimhir Gníomhaíochta | Sainghníomhaíocht | Buntáistí | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|---|
| | | Oireachtais agus cothóidh sí, ar deireadh, coigealtas don dá oifig. | | Bille a aistriú iarbhír idir na heagraíochtaí faoi seach. Tá an tástáil beagnach críochnaithe anois. |
| **12.** | **Ríomh-Leabhar Reachtanna na hÉireann** | Tá an r-LRÉ á nuashonrú faoi láthair chun ardfheidhm chuardaigh a chuimsiú ann agus i measc na bhfeabhsuithe eile atá á mbreithniú tá, rochtain níos fearr ar leaganacha PDF chun críocha priontála, agus Achtanna a nascadh go díreach leis an Eolaire Reachtaíochta. | Ailt 1.4, 1.9, 1.10, 1.11, 1.12, 4.1 agus 4.13 | Le comhlánú i rith 2011 |
| **13.** | **Tionscadal ADR** | Aithníonn an Oifig i gcónaí gur gá costais a laghdú i ngach réimse. Tá neart oibre déanta, áfach, ar an Tionscadal Athchóirithe as ar tháinig an tAcht um Athchóiriú an Dlí Reachtúil 2007, agus ina dhiaidh sin an tAcht um Athchóiriú an Dlí Reachtúil 2009, i Nollaig 2009, agus aisghairm Reachtanna Réamh-shaoirse a bhí as feidhm nó seanchaite.<br><br>De bharr na srianta fioscacha reatha, áfach, ba ghá an tionscadal a athbhreithniú i 2010, mar thoradh ar | Ailt 1.4, 1.9, 1.10, 1.11, 1.12, 4.1, 4.2, 4.3, 4.13 agus 4.15 | Ar bhonn leanúnach. Dáilfear acmhainní ar bhonn solúbtha lena chinntiú go gcríochnófar go tráthúil scrúdú na Reachtanna Réamh-shaoirse agus go n-aisghairfear na cinn atá as feidhm nó seanchaite. |

| Uimhir Gníomhaíochta | Sainghníomhaíocht | Buntáistí | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|---|
| | | chistiú laghdaithe. Faoi láthair tá plé ar siúl le páirtithe a thug le fios gur spéis leo an tionscadal a atosú faoi réir comhaontú maidir le costais laghdaithe a bheith i bhfeidhm.<br><br>Simpleoidh an Clár um Athchóiriú an Dlí Reachtúil ina iomlán an Leabhar Reachtúil, agus tá i gceist go laghdódh sé na costais dlí agus idirbhearta. Ina theanntasan, éascóidh sé go mór bearta reachtaíochta sa todhchaí agus bhéarfaidh sé buntáiste don Choimisiún Athchóirithe Dlí ina chuid oibre ar ullmhú an Eolaire Reachtaíochta. | | |
| **14.** | **Nua-straitéis TF a fhorbairt** | Sna blianta beaga atá caite, d'úsáid an Oifig na hacmhainní a bhí ar fáil chun bonneagar cuimsitheach éifeachtach TF a chur i bhfeidhm. Aithníonn an Oifig, d'ainneoin an acmhainn atá ann chun coigilt agus éifeachtúlacht a aimsiú, go bhféadfadh costas mór a bheith bainteach leis an bhforbairt agus le áiseanna TFC a chothabháil. I gcomhthéacs cistí agus soláthar foirne dianlaghdaithe, tá sé fíor-riachtanach a chinntiú go ndéantar gach forbairt is gá chun áiseanna nua a fheabhsú, a nuashonrú nó a thionscnamh, | Ailt 1.4, 1.10, 1.11, 1.12, 4.1, 4.13 agus 4.15 | Tosóidh an obair sa tríú ráithe de 2011, lena críochnú faoi dheireadh na bliana |

| Uimhir Gníomhaíochta | Sainghníomhaíocht | Buntáistí | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|---|
| | | ar bhealach comhtháite straitéiseach, ag cur san áireamh na dtearc-acmhainní atá ar fáil chun bearta dá shórt a fheidhmiú. Ceapfar nua-straitéis TF don tréimhse 2012 go 2015, chun gach forbairt agus caiteachas dá shórt a phleanáil. | | |
| 15. | **Comhtháthú an Chórais Bhainistíochta Airgeadais leis an gCóras Cásanna agus Taifead** | Is costas an-suntasach don Stát iad na táillí Abhcóide. Tá sé an-riachtanach go mbeidh an Oifig in ann an próiseas a bhainistiú chun luach ar airgead a chinntiú, agus go mbeadh próiseas éifeachtach airgeadais ag tacú leis. Cé go bhfeidhmíonn an Oifig faoi láthair córas cuimsitheach mionsonraithe atá bunaithe ar pháipéar, is córas dlúthshaothair é nach bhfuil chomh héifeachtúil agus ab fhéidir ag soláthar faisnéis fíorama chun críocha bainistíochta.<br><br>Tá sé criticiúil, chun costas a bhainistiú, go mbeadh an cumas ann chun monatóireacht a dhéanamh ar an ngealltanas airgeadais ar bhonn fabhraithe nuair a tharlaíonn an ghníomhaíocht, seachas nuair a íoctar an sonrasc, go díreach.<br><br>Tá an córais ACME agus FMS araon | Ailt 1.4, 1.10, 1.11, 4.1, 4.13 agus 4.15 | Scéim phíolótacha bheith i bhfeidhm faoi dheireadh céadráithe 2011 |

| Uimhir Gníomhaíochta | Sainghníomhaíocht | Buntáistí | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|---|
| | | cumasach agus éifeachtúil ag na tascanna lenar saincheapadh iad. Tríd an gcóras airgeadais a nascadh leis an gcóras ACME, áfach, cinnteofar go n-uathghafar na gealltanais airgeadais a ardóidh an fhoireann chomhairleach/APSO nuair a fhostaíonn siad abhcóidí dlí. Cuirfidh seo ar chumas na bainistíochta a bheith feasach ar shlí níos cruinne faoi dhliteanas féideartha sa todhchaí as táillí dlí agus a chinntiú ar deireadh, nuair a thagann an sonrasc foirmeálta, go mbeidh an próiseas íocaíochta cruinn agus éifeachtúil. | | |
| **16.** | **Gnáthaimh nua saoire tinnis** | Sula scaiptear féin é, tá go leor de na treoracha i gCiorclán na Roinne Airgeadais 9/2010 curtha i bhfeidhm ag an Oifig. Ar aon dul leis an gciorclán, tá an Oifig i mbun nuashonrú na ngnáthamh saoire tinnis atá ann faoi láthair. Trí fhorálacha an chiorcláin seo a fheidhmiú, meastar go mbeidh feabhsú foriomlán ar na leibhéil saoire tinnis. | Ailt 1.4 agus 4.10 | Le bheith lánfheidhmithe faoi dheireadh 2010 |
| **17.** | **Solúbthacht leanúnach chun déileáil le caillteanais foirne** | Aithníonn an Oifig gur gá costais na hearnála poiblí a laghdú. Tá 12 folúntas riarachán ar a lámha faoi láthair agus leanfaidh sí d'atheagrú agus de | Ailt 1.1, 1.2, 1.4, 1.7, 1.10, 1.11, 4.1, 4.3, 4.4 agus 4.5 | Beidh seo leanúnach le linn thréimhse an chomhaontaithe |

| Uimhir Gníomhaíochta | Sainghníomhaíocht | Buntáistí | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|---|
| | | chomhoiriúnú chun a chinntiú nach gcuirfidh na folúntais seo isteach ar chroí-obair dlí na hOifige i.e. comhairle a sholáthar agus reachtaíocht a tháirgeadh. Tá croípháirt ag an bhfoireann riaracháin in obair na hOifige trí phríomhthascanna ar nós coinneáil comhad agus déanamh taighde. In éagmais pearsanra riaracháin, beidh ar an bhfoireann dlí am a chaitheamh ar na cúrsaí seo seachas ar a gcuid oibre dlí.<br><br>Tá comhairle á glacadh leis an bhfoireann chun teacht ar réitigh sholúbtha ar na ganntanais seo. | | |
| 18. | **Córas feabhsaithe chun na cúrsaí oiliúna a mhaoiníonn an Oifig a mheasúnú** | Tá sé an-riachtanach go mbeidh measúnú iontaofa cuimsitheach ann chun luach ar airgead a chinntiú agus chun ócáidí oiliúna den chaighdeán is airde a shainaithint, ag cur san áireamh ach go háirithe nach mbeidh an-chuid den oiliúint a fhoinseofar agus a úsáidfear cineálach ó nádúr, ach dlíthiúil agus spriocdhírithe ar ár sainriachtanais mar shainOifig den Státseirbhís.<br><br>Forbrófar na ceisteanna seo a thuilleadh | Ailt 1.4, 4.1 agus 4.14 | An chéad chóras a bheith i bhfeidhm faoi dheireadh 2010. Athbhreithneofar seo faoi dheireadh an dara ráithe de 2011. |

| Uimhir Gníomhaíochta | Sainghníomhaíocht | Buntáistí | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|---|
| | | i gcomhthéacs Straitéis T&D foriomlán, atá á hullmhú faoi láthair do AGO. | | |
| 19. | **Rialú caighdeáin agus córas comhaill a fhorbairt do chleachtais oibre na hOifige** | Trí chóras a chur i bhfeidhm chun comhall cleachtais oibre a athbhreithniú, beidh an Oifig in ann a dheimhniú di féin go bhfuiltear ag cloí le cleachtais oibre agus go bhfuil na cleachtais fós ábhartha. | Ailt 1.4, 1.10, 1.12, 4.1 agus 4.14 | Dearadh an chórais a thosú in Eanáir 2011 le hionchas é bheith i bhfeidhm faoi Mheitheamh 2011 |
| 20. | **Déanfaidh an Oifig, arís, í féin a thagarmharcáil in aghaidh eagraíochtaí comhchosúla i ndlínsí eile** | Níl aon chomparadóirí díreacha ag an Oifig laistigh den Stát. Trína haschur agus a líon foirne a chur i gcomparáid le eagraíochtaí Rialtais comhchosúla i ndlínsí eile, beidh an Oifig in ann a héifeachtacht a mheas níos fearr. | Ailt 4.1 agus 4.14 | Le pleanáil agus a chur i gcrích le linn 2011 |
| 21. | **Athbhreithniú Eagraíochta**<br><br>Déanfaidh an Oifig athbhreithniú faoina Clár Athbhreitnithe Eagraíochta (CAE). | Is réimse téama tábhachtaigh é an CAE den chlár um Bunathrú Seirbhísí Poiblí. Déanfaidh an Oifig athbhreithniú a mheasúnóidh an Oifig, ach go háirithe, i dtéarmaí a héifeachtachta i bhforbairt straitéise, i seachadadh seirbhísí do chliaint agus i measúnú sheachadadh na seirbhísí dlí, d'fhonn seirbhísí a fheabhsú i dtéarmaí cáilíochta agus seachadta. | Ailt 4.1, 4.4 agus 4.14 | Déanfar athbhreithniú le linn 2011 |

# <u>Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit</u>

1. Bearta a glacadh

2. Bearta leanúnacha agus Nua-Bhearta Molta

# OIFIG AN PHRÍOMH-ATURNAE STÁIT

*Comhaontú na Seribhíse Poiblí, 2010 – 2014 (Páirc an Chrócaigh) – Forfheidhmiú*

## PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA

Tá Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit tiomanta d'fhorfheidhmiú an phlean seo chun cuspóirí an Rialtais a aimsiú, mar atá leagtha amach i gComhaontú na Seirbhíse Poiblí, 2010 – 2014. Agus sin á dhéanamh aici, féachann an Oifig le tógáil a dhéanamh ar a bhfuil bainte amach aici le blianta beaga anuas mar sholáthróir seirbhísí dlíodóra don Ard-Aighne agus don Rialtas, agus ar infheistíocht an Rialtais san Oifig. Leanfaidh an Oifig ag forbairt a hacmhainn seirbhís dlí ar dhóigh costas-éifeachtach leis an mbéim ar thorthaí, ar sheirbhís don chustaiméir agus ar ardfheidhmíocht, agus le aird ar riachtanais an chomhshaoil eacnamaíochta. Athdhearbhaíonn an Oifig, freisin, a tiomantas do nuachóiriú leanúnach na seirbhíse poiblí de réir pholasaí an Rialtais.

Léiríonn an plean gníomhaíochta na bearta atá glactha cheana, mar aon le nuabhearta leantacha agus bearta atá molta mar fhreagairt do na deacrachtaí Náisiúnta reatha.

Geallann an Oifig go leanfaidh sí ag soláthar seirbhís dlí ardleibhéil ar fud a réimsí seirbhíse agus ag oibriú go dlúth leis an rialtas agus leis an Roinn Airgeadais chun torthaí bainistíochta caiteachais agus an tsolúbthacht acmhainne is gá a aimsiú a dhíreoidh an fhoireann ar an obair atá ar láimh ag ranna Rialtais.

Baineann go leor de na bearta a thagraítear dóibh i gcuid AGO na cáipéise seo, mar an gcéanna leis an Oifig seo, agus ní dhéantar athchur síos orthu anseo.

| **Sonra Gníomhaíochta Uimh.** | **Tagairt do Chomhaontú na SP** | **Cur síos ar an Athrú atá Molta** | **Buntáistí a Éiríonn** | **Amchreat don Fhorfheidhmiú/ Cloch Míle Suntasach** |
|---|---|---|---|---|
| **1. Bearta Glactha:** | | | | |
| 1.1 | 1.1<br>1.5<br>1.10<br>4.1<br>4.3 | **Freagairt do Spriocanna Laghduithe Chaiteachas SGPSN**<br><br>Mhol an Sainghrúpa um Líon Foirne agus Clár Caiteachais na Seirbhíse Poiblí go ndéanfadh CSSO an coigealtas seo a leanas:<br>• €1.5m ar tháillí abhcóidí;<br>• €0.3m ar fhinnéithe saineolaíocha; agus<br>• €0.4m ar chostais riaracháin.<br>Forfheidhmíodh an coigealtas seo.<br><br>Is cóir a thabhairt faoi deara, freisin, nach ndearna an Grúpa aon mholtaí faoi laghdú an líon foirne. | Laghdú ar chaiteachas foriomlán;<br><br>Glanchaiteachas 2008: €40.6m<br>Glanchaiteachas 2009: €33.5m<br>Glanchaiteachas 2010 (Teilgthe): €30.5m | I bhfeidhm agus leanúnach. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 1.2 | 1.1<br>4.1 | **Rialú Caiteachais ar Tháillí Gairmiúla:**<br><br>Tagann Grúpa Gairmiúil um Rialú Táillí le chéile gach Aoine chun táillí atá iníoctha le abhchóidí a athbhreithniú, agus idirghabháil a dhéanamh i measúnú íocaíochtaí agus sa phróiseas íocaíochta, chun cur chuige comhsheasmhach agus cuífheidhmiú polasaí maidir le táillí a chinntiú ar fud na hOifige. Tá an Príomh-Aturnae Stáit i gceannas an ghrúpa agus iniúchann sé gach moladh maidir le híoc na dtáillí seo.<br><br>Mar an gcéanna, scrúdaíonn an Grúpa Gairmiúil um Rialú Táillí sonraisc na dtáillí ó chuntasóirí gairmiúla costas dlí (ag éirí as seirbhísí a tugadh maidir le cánachas costas) d'fhonn barainneacht a chinntiú. Tá cúram breise á dhéanamh den ghné seo d'obair an ghrúpa faoi láthair. | D'fhan caiteachas Tháillí Abhcóidí laistigh den leithdháileadh a vótáladh, agus cloíodh le beartas an Rialtais faoi tháillí gairmiúla.<br><br>Táillí Abhcóide 2008: €17.8m<br>Táillí Abhcóide 2009: €16.1m<br>Táillí Abhcóide 2010 (Teilgthe): €14.3m | I bhfeidhm agus leanúnach. |
| 1.3 | 1.10<br>4.13 | **Bainistiú Cásanna:**<br><br>Tá Córas Bainistíochta Cásanna agus Taifead (CBCT) forbartha ag an oifig i gcomhar le Oifig an Ard-Aighne, a chinntíonn go bhfuil comhchomhad dlí ann do gach cás agus lán-infheictheacht ar gach gníomh a rinneadh nó a ordaíodh ar an gcomhad.<br><br>Úsáideann an Oifig freisin an Córas | Chothaigh an CBCT, ó bunaíodh é i 2005, sruthlíniú cleachtas oibre laistigh de agus idir an dá oifig, a oibríonn go dlúth le chéile ar chásanna dlí a bhaineann leis an Stát.<br><br>Úsáidtear an córas chun tuairisciú don Rialtas ar chásanna íogaire agus chun rioscaí airgid nó beartais a laghdú nó a | I bhfeidhm agus leanúnach. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Bainistíochta Airgeadais (CBA) do bhainistiú agus anailísiú a cuid caiteachais agus do thuairiscí. | dhíchur.<br><br>Déileálann an CBA le próiseáil gach idirbheart airgeadais agus tá sonraí chun dáta ar fáil aige ar chaiteachas agus ar leithdháilte buiséid. Cuirtear tuairiscí cuimsitheacha ar fáil do MAC agus don Roinn Airgeadais de réir mar is gá. | |
| 1.4 | 1.14 | **Tiomantas do Sheirbhís 24 / 7:**<br><br>Feidhmíonn an oifig painéal d'oifigigh dlí ar glaoch chun déileáil le ábhair phráinneacha lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre. Tá Dlíodóirí agus Feidhmeannaigh dlí ar fáil i gcónaí d'aon dualgas ar a nglaofaí iad, ar a n-áirítear deirí seachtaine, laethanta saoire poiblí agus uaireanta eile 'as oifig'. Cinntítear go bhfuil rochtain ar dhlíodóirí sinsearacha nó speisialacha laistigh den Oifig nuair is gá.<br><br>Tá an tseirbhís seo leanúnach agus faigheann sí ardleibhéal tacaíochta agus comhair ón bhfoireann. | Déileáiltear le iarratais phráinneacha cúirte de réir mar a éiríonn siad, go tipiciúil, iarratais *habeas corpus,* cásanna práinneacha tearmainn, Athbhreithnithe Breithiúnais agus urghairí práinneacha etc. Níl aon srian ar an gcineál iarratais phráinneach a ndéantar fónamh air. Ní thugtar aon ragobair nó am saor ina ionad. Fuair na rannphháirtithe aitheantas comharthach as Ciste Fiúntais na hOifige.<br><br>Tá an tseirbhís an-luachmhar don Gharda Síochána agus do Sheirbhís na bPríosún, go háirithe i réimse iarratais *habeas corpus,* a éiríonn as staideanna coimeádta a bhfuil agóid fúthu. | I bhfeidhm agus leanúnach. |
| **2. Bearta nua atá Leanúnach agus Molta:** | | | | |
| 2.1 | 1.4 | **Rialú Caiteachais ar Tháillí Gairmiúla:** | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | 1.11<br>4.1 | Leanúint le obair Grúpa Rialála na dTáillí Gairmiúla agus, go háirithe, an t-athbhreithniú ar threoirlínte íocaíochta do gach táille a chomhlánú, d'fhonn cur chuige comhsheasmhach a chinntiú ar fud na hOifige, ar mhaithe le barainneacht.<br><br>An Ghrúpa a chur ag feidhmiú níos domhaine i réimse íocaíochta na dtáillí le cuntasóirí costais dlí (i.e. táillí gairmiúla a éiríonn as cánachas costas). | Is é príomhthionchar na n-imeachtaí seo, na treoirlínte atá ann a fheidhmiú i réimsí seirbhís dlí atá ag teacht chun cinn, agus a chinntiú go bhfeidhmítear go cuí cothrom iad, agus a chinntiú go n-íocfar táillí go tráthúil agus go seachnaítear moill san íocaíocht nó carnadh riaráistí.<br><br>Tá plé tionscanta ag an Oifig le príomhsholathróirí na seirbhísí cuntasaíochta costais dlí don Stát chun cur chuige 'níos gasta, níos saoire, níos fearr' a shainaithint don tseirbhís seo agus na hathruithe cleachtais agus na cuntasóirí costais dlí is gá a fháil don dá Oifig, d'fhonn na cuspóirí seo a bhaint amach. Cuimseoidh na príomhbhuntáistí, caiteachas laghdaithe ag an Stát ar an tseirbhís seo agus aga slánúcháin níos gasta i mbailiú costas a dámhadh don Stát. | I bhfeidhm agus leanúnach. |
| 2.2 | 1.10<br>4.1 | **Aisghabháil costas a dámhadh don Stát:**<br><br>Is é polasaí na hOifige, ordú costas i bhfábhar an Stáit a lorg i ngach cás ina n-éiríonn le dlíthíocht an Stáit. Deonaítear orduithe dá shórt go minic. Is polasaí na hOifige é, freisin, aisghabháil na gcostas seo a fhorghníomhú. | Próisis bailithe agus rátaí aisghabhála níos fearr. Breis trédhearcachta in aisghabháil costas.<br><br>Is iad na buntáistí is tábhachtaí a bheidh ann ar dtús: rátaí aisghabhála costas níos airde don Stát, agus sa dara háit: tásca | Samh 2010 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Tá an Oifig ag athbhreithniú a cleachtas maidir le aisghabháil na gcostas seo faoi láthair, d'fhonn a modhanna agus na rátaí aisghabhála a fheabhsú. Críochnófar an t-athbhreithniú seo i Samhain 2010, agus beidh rátaí aisghabhála níos gasta agus níos airde ann i 2011 agus sna blianta dár gcionn, agus cinnteoireacht níos trédhearcaí. | níos soiléire do dhlíthithe ionchais ar na rioscaí atá fréamhaithe i ngach dlíthíocht, i.e., an riosca go gcaithfí costais an chéile comhraic a íoc, chomh maith le costais an Stáit, nuair a theipeann ar dhlíthíocht agus a dhámhann an chúirt na costais sin don Stát. | |
| 2.3 | 1.10<br>4.1 | **Laghdú Costas agus Aisghabháil Costas mar chuspóirí PMDS ag foireann CSSO**<br><br>Tionscnóidh an Oifig íoslaghdú costais Pháirtí & Páirtí agus, freisin, aisghabháil costas mar inniúlachtaí chun críche PMDS i 2011. Sannfar sainchuspóirí bainteacha do jabshealbhóirí a athbhreithneofar i gcomhthéacs na n-athbhreithnithe feidhmíochta. Cuiridh an Oifig cúrsaí oiliúna i bhfeidhm i 2011 chun cuidiú leis na cuspóirí seo. | Beidh breis soiléire agus scile ann ó thaobh na foirne de faoin mbealach ina n-íoslaghdófaí costas a bheadh iníoctha ag an Stát agus ina n-uasmhéadófaí costas in-aisghabhála ag an Stát. | Timthriall PMDS 2011 agus leanúnach do 2012 – 2014 |
| 2.4 | 1.10<br>1.12 | **Sannadh freagrachta as gach rialú agus bainistiú costais dlí**<br><br>Sannfar feidhmeanna na hOifige maidir le rialú agus bainistiú costas atá iníoctha ag an Stát, agus aisghabháil costas ag leibhéal Phríomh-Aturnae Cúnta an Stáit, chun go bhfaighe siad cúram ard-leibhéil. Tuairisceoidh aonaid eagraíochta laistigh | Cinnteoidh seo go mbeidh aird ardleibhéil ar bhainistiú na gcostas atá iníoctha do nó ag an Stát ar bhonn na ndámhachtainí a bhronn an chúirt.<br><br>Cinnteoidh sé freisin go mbeidh | Már 2011 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | den Oifig atá i mbun dualgas costasbhainteach, trína gCeann Rannóige do Phríomh-Aturnae Cúnta an Stáit. Beidh Príomh-Aturnae Cúnta an Stáit freagrach as cuspóirí costais a thuairisciú ag MAC agus beidh freagrachtaí air as rialú na bainistíochta rioscaí a bhaineann leo. | freagracht ardleibhéil ann as rialú leibhéal tháillí na gcuntasóirí costála dlí seachtracha. | |
| 2.5 | 1.10 | **Úsáid na nAbhcóidí is Fearr:**<br><br>Leanúint ag oibriú le Oifig an Ard-Aighne chun abhcóidí ardchumais atá ag teacht chun cinn a shainaithint agus a úsáid, agus a chinntiú go bhfuil an leathadh oibre is gá ann chun an tseirbhís is gasta agus is tíosaí a fháil, faoi réir na ndualgas reachtúil. | Cinnteoidh an obair ar athbhreithniú phainéil na n-abhcóidí go mbeidh faisnéis ar fáil láithreach ag an bhfoireann dlíodóirí ar an raon abhcóidí a bheidh ar fáil do chineálacha oibre ar leith. Éascóidh seo ainmniú abhcóide ag Oifig an Ard-Aighne sna cásanna seo. | I bhfeidhm agus leanúnach. |
| 2.6 | 1.14 | **Aonaid Dlí Rannacha:**<br><br>Cothóidh an Oifig caidreamh oibre níos dlúithe leis na haonaid seirbhíse dlí sna Ranna, agus tacóidh agus cuirfidh sí a cuid le hobair na n-aonad seo. | Lamhálfaidh seo sruthlíniú cumarsáide le ranna sna cásanna cuí, agus cuideoidh sé le fadhbréiteach cúrsaí a bhfuil an Oifig agus an Roinn araon páirteach iontu. | I bhfeidhm agus leanúnach. |
| 2.7 | 1.13<br>4.11 | **Arduithe Céime Iomaíocha:**<br><br>Arduithe iomaíocha atá i gceist do bhunús na bpost ardaithe céime a éiríonn san Oifig agus (nuair a fheidhmíonn an 'Comhthiomsú Coitianta' i gcás poist dlí | Tá an Oifig tiomanta do chomhshaol ina dtugtar luach saothair ar bhonn fhiúntais agus ina dtugtar ardú céime do na baill foirne is dúthrachtaí agus is cumasaí, | I bhfeidhm agus leanúnach. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | idir CSSO agus Brainse na nDlíodóirí d'Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí) do thras-deiseanna ardú céime idir CSSO agus an OSIP, (SB). Tá arduithe iomaíocha i gceist do gach grád riaracháin ó OF suas.<br><br>Faoin gcomhaontú reatha le CPSU líontar 25% de na poist d'Oifigigh Foirne ar bhonn sinsearachta, faoi réir bonn sásúlachta. Tá an-fhonn ar an mbainistíocht an socrú seo a chur ar ceal, agus rachfar i gcomhairle le leasa na foirne chun na críche sin.<br><br>Tacaítear le gach cinneadh maidir le ardú céime, trí chreata inniúlachta agus trí rialacha PMDS a chur i bhfeidhm. | chuig ionaid fhreagrachta. | Meitheamh 2011 |
| 2.8 | 1.10 | **Coigilt Fuinnimh agus Comhshaoil**<br><br>Beidh an Oifig tiomanta i gcónaí do bheartais an Rialtais maidir le hastuithe carbóin níos lú, agus leibhéil níos airde coigealtais ar chostas fuinnimh a aimsiú. Chuige seo tá Coiste Glas ag comhpháirtíocht na hOifige chun oibriú ar shaincheisteanna athchúrsála agus ar laghdú úsáid an fhuinnimh. | Cuimsíonn na buntáistí laghdú na n-astuithe carbóin agus costais fuinnimh níos lú. Ina theanntasan tá buntáistí aisghabhála de thoradh athchúrsála, go háirithe i gcás páipéir agus cairtchláir cadhnraí agus trealamh Oifige. Mar thoradh ar an uasghrádú riachtanach atá beartaithe do chuid d'áitreabh na hOifige beidh insliú níos fearr ann feasta agus coigilt mhór fuinnimh.<br><br>Tomhaistear úsáid fuinnimh, go háirithe leictreachas agus gás, agus scaiptear na | I bhfeidhm agus leanúnach. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | sonraí ar an bhfoireann ar bhonn rialta. | |
| 2.9 | 1.7<br>1.14<br>4.3 | **Iasachtaí do Ranna:**<br><br>Thug an Oifig oifigigh dlí ar iasacht do thrí Roinn chun oibriú ar shaintionscadail fhadtréimhseacha. Geallann an Oifig oibriú leis an Roinn ar an mbealach seo sa todhchaí, agus ar bhonn solúbthacht socruithe maidir le rialú líon na foirne agus an phárolla. | Seirbhís ar fáil láithreach do chliaint. Dea-chaidrimh oibre a fhorbairt. Tugtar foireann dlíodóirí ar iasacht faoi láthair do na Ranna Sláinte & Leanaí, Oideachais agus Scileanna agus Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. | I bhfeidhm agus leanúnach. |
| 2.10 | 1.1<br>1.5<br>1.10<br>4.1<br>4.3 | **Rialú Caiteachais Neamhtháille:**<br><br>Leanfaidh an Oifig le dianrialú an chaiteachais neamhtháille, lena n-áirítear párolla, RO, soláthairtí, T&S etc. Cuidítear leis an rialú seo trí:<br><br>• Dianfheidhmiú Treoirlínte na Roinne Airgeadais<br>• Gnáthaimh agus treoirlínte inheánacha soiléire<br>• Tuairisciú airgeadais do MAC<br>• Feidhmiú an chórais Iniúchóireachta Inmheánaigh agus an Choiste Iniúchóireachta. | Laghdú ar chaiteachas foriomlán:<br><br>Glanchaiteachas 2008: €40.6m<br>Glanchaiteachas 2009: €33.5m<br>Glanchaiteachas 2010 ( Teilgthe): €30.5m<br><br>Coinneofar na rialuithe uile i bhfeidhm thar thréimhse an chomhaontaithe, le go mbeidh dianbhainistiú ar chaiteachais. | I bhfeidhm agus leanúnach. |
| 2.11 | 1.1<br>1.5<br>1.10<br>4.1 | **Rialú an Líon Foirne:**<br><br>D'aimsigh an Oifig na laghduithe foirne agus párolla a cuireadh mar sprioc rompu | Laghdú leanúnach an phárolla:<br>Párolla 2008: €15.4m | I bhfeidhm agus leanúnach. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | 4.3 | agus is eol di na spriocanna nua atá leagtha síos do 2011 agus 2012.<br><br>Oibreoidh an Oifig go cuiditheach leis an Roinn Airgeadais chun bealaí agus modhanna a shainaithint a chuirfidh acmhainní ar fáil do na hardleibhéil éilimh ó Ranna ar sheirbhísí dlí, go háirithe i gcás líon foirne agus tuarastal. Le cur chuige cuiditheach i gcás fadhbanna acmhainne, seachnófar staid ina dteipfeadh ar an Oifig na seirbhísí a éilítear a sholáthar.<br><br>Éileoidh an Oifig socruithe solúbtha ón Roinn Airgeadais chun na haschuir oibre a iarrtar uirthi a aimsiú, mar fhreagairt d'éilimh ghnó na Ranna. Beidh seo amhlaidh go háirithe sna réimsí seirbhíse atá ag fás go gasta, mar atá, athbhreithnithe breithiúnais, dlíthíocht tearmainn agus inimirce, Barrántais Ghabhála na hEorpa & eiseachadta, agus i réimsí maoine áirithe. | Párolla 2009: €15.8m<br>Párolla 2010 (Teilgthe): €14.4m<br><br>Líon foirne faofa ag tús 2008: 249<br><br>Líon na foirne le laghdú go 230 faoi dheireadh 2010, go 228 faoi dheireadh 2011, agus go 226 faoi dheireadh 2012 | |
| 2.12 | 1.7 | **Láimhseáil Cásanna Móra:**<br><br>Athbhreithneofar na hacmhainní atá de dhíth ar an Oifig chun cásanna móra rí-thábhachtacha a láimhseáil don Rialtas, d'fhonn prótacal a aontú leis an Roinn Airgeadais a ligfidh don Oifig na héilimh seo a fhreagairt. | Beidh aon chostas breise ar an Státchiste de barr na n-acmhainní seo i bhfad níos lú ná an costas a bhainfeadh le comhlachtaí dlíodóra i gcleachtas príobháideach a theagasc, agus d'fhéadfadh an-sábháil a bheith ann dá bharr. | R4 2010 – R3 2011 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 2.13 | 1.10<br>1.14 | **Dlíthíocht Srathach le Ilchosainteoirí Seirbhíse Poiblí:**<br><br>Coinneoidh an Oifig agus forbróidh sí a thuilleadh, prótacail leis an Roinn Airgeadais a chumasóidh straitéisí acmhainne chun gach cosantóir seirbhís phoiblí a chosaint (nuair is cuí), agus nuair a bheadh sé oirbheartach comhchur chuige a úsáid chun na cásanna seo a chosaint agus go sábhálfadh sé costas. Is leanúint í seo ar bheartas atá i bhfeidhm cheana, rud a chuir an Ard-Aighne féin in iúl.<br><br>Éileoidh an cur chuige seo atá molta do na cásanna i gceist, solúbthacht maidir le soláthar foirne agus costais ó na gníomhaireachtaí eile a bheidh á gcosaint. | Beidh aon chostas breise ar an Státchiste de barr na n-acmhainní seo i bhfad níos lú ná an costas a bhainfeadh le roinnt dlíodóra éagsúla a theagasc chun cliaint seirbhís phoiblí ar leith a chosaint sa chás céanna. | R4 2010 – R3 2011 |
| 2.14 | 1.13 | **Forbairt na Foirne:**<br><br>Beidh an Oifig tiomanta i gcónaí d'oiliúint agus d'fhorbairt na foirne uile de réir riachtanais an PMDS agus pleananna oiliúna na hOifige. Bainfidh an Oifig leas as scéimeanna ar nós Aisíoc Táillí, Oiliúint Cléirigh Dlí, Scéim Dlíodóirí faoi Oiliúint, etc., chun díriú ar chuífhorbairt inniúlachtaí na foirne agus ar na réimsí buntáiste is mó don Oifig agus don Státseirbhís. | Trí acmhainn fhoireann na hOifige a uasmhéadú, méadófar a gcumas chun obair ardluacha a láimhseáil. | I bhfeidhm agus leanúnach. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 2.15 | 4.16 | **Úsáid Mhéadaithe EFT:**<br><br>Trí úsáid níos mó a bhaint as ríomhaistriú airgid, laghdófar na héilimh ar sholáthar foirne i Rannóg na gCuntas agus saorfar baill foirne le haghaidh dualgais riaracháin eile. Déanfaidh an Oifig iarracht níos mó úsáide a bhaint as EFT chun abhcóidí a íoc, ó ráta 50% faoi láthair go ráta 80% faoi dheireadh 2011 agus 90% faoi dheireadh 2012.<br><br>Athbhreithneoidh an Oifig, freisin, an bhféadfaí teachtaireachtaí faisnéise a eisiúint go leictreonach.<br><br>Pléifidh an Oifig leis na Coimisinéirí Ioncaim an bhféadfaí Deimhniú Cánach Siarchoinneálaí (F45) a eisiúint go leictreonach. | Próiséis níos sruthlínithe i réimse na gCuntas chun an fhoireann sa réimse sin a laghdú.<br><br>Baol calaoise laghdaithe i gcás orduithe iníoctha. Íocaíocht bhrostaithe do sholáthróirí seirbhíse.<br><br>Próiseas íocaíochta níos éifeachtúla. | R1 – R3 2011<br><br>Deireadh 2010-09-30<br><br>Már 2011 |
| 2.16 | 4.13 | **Físchomhdháil**<br><br>Tá infheistíocht déanta ag an Oifig i dteicneolaíocht na físchomhdhála, le tacaíocht ó CMOD, agus tá a húsáid á tástáil againn faoi láthair. Cuirfidh an Oifig an teicneolaíocht seo amach beo i 2011 agus úsáidfear í le haghaidh cumarsáid le cliaint rannacha nach bhfuil lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus mar an modh roghnaithe | D'éiligh na leibhéil laghdaithe taistil chuig ionaid neamh-Bhaile Átha Cliath go laghdófaí an caiteachas ar Thaisteal agus Cothabháil, agus go laghdófaí an méid ama a chaitheann baill foirne as an oifig.<br><br>Teagmhálacha duine le duine a bheith níos láithrí agus níos minicí le cliaint. | Deireadh 2010 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | do chumarsáid dá shórt.<br><br>Leasófar gnáthaimh airgeadais lena chinntiú nach dtabhaítear costais taistil agus cothabhála i suíomhanna ina bhféadfaí físchomhdháil a úsáid. | | |
| 2.17 | 1.14<br>4.14 | **Feabhsuithe sna Modhanna Dlíthíochta:**<br><br>Comhoibriú leanúnach le cliant-Ranna agus le cliant-oifigí ar chásanna ardphróifíle agus ardtoirte, lena chinntiú go leanfar de na cleachtais is éifeachtúla agus go réitítear na cásanna a luaithe is féidir, i dtreo nach gcuirfear an Stát faoi neamhchosaint le riosca breise airgeadais nó clú.<br><br>Leanúint go sonrach leis na tionscnaimh atá i bhfeidhm faoi láthair.<br><br>Comhoibriú níos mó a thionscnamh le príomhchliaint, lena chinntiú go mbeidh próiseas cosanta na nAthbhreithnithe Breithiúntais níos éifeachtúla.<br><br>Trí athbhreithniú ar na gnáthaimh dlíthíochta inmheánacha, diúscairt na gcúrsaí dlíthíochta díomhaine a dhéanamh níos éifeachtúla. | Réiteach luath chun costais dlí a choinneáil ag íosmhéid. Laghdú caiteachais ar tháillí abhcóide agus ar ghnáthchostais dlí. | I bhfeidhm agus leanúnach.<br><br>Dul chun cinn a athbhreithniú R2 2011 |
| 2.18 | 1.14 | **Aistriú Scéim an Ard-Aighne:** | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Is é miangas na hOifige aistriú na freagrachta as Scéim an Ard-Aighne a chur i gcrích faoi dheireadh 2010 agus tá sí ag feidhmiú chun na críche sin. | Próiseas níos sruthlínithe maidir le coigealtas riaracháin san Oifig seo agus sa Roinn, araon. Bainistiú an vóta a fheabhsú. | Deireadh 2010 |
| 2.19 | Aguisín – roghanna um sheachadadh seirbhíse | **Seachfhoinsiú Oibre:**<br><br>Obair a sheachfhoinsiú i gcúinsí neamhghnácha nuair nach bhfuil an saineolas speisialta is gá, nó an cumas déileáil leis an obair ag an gcaighdeán gairmiúil is gá, ag an Oifig. Beidh feidhm rialaithe leanúnach ag an Oifig nuair a sheachfoinsíonn sí obair. | An ionadaíocht dlí is fearr ag an Stát i ngach cás. | Mar is gá |
| 2.20 | 1.10 | **Soláthar Seirbhíse i Réimsí Íseal-luacha:**<br><br>Soláthar roinnt seirbhísí íseal-luacha a athbhreithniú, tríd an iarracht i gceist agus a oiriúnacht maidir le seachfhoinsiú ar bhonn féinmhaoinithe a anailísiú. | Baill foirne le seantaithí saortha chun obair de luach níos airde a dhéanamh. | R2 – R3 2011 |
| 2.21 | 1.9<br>4.14 | **Seirbhís Chomhairleach Soláthair:**<br><br>Oibreoidh CSSO chun caidreamh a fheabhsú agus a fhorbairt a thuilleadh idir an Roinn Airgeadais, an NPS agus comhlachtaí Stáit a bhfuil ról dílsithe acu i gcúrsaí soláthair phoiblí, chun a chinntiú go bhfuil cur chuige caighdeánaithe, gairmiúil, dlí-chomhlíontach á fheidhmiú i bpróisis an tsoláthair phoiblí agus chun cuidiú leis an | Is chóir go laghdódh seo riosca don Stát. Is cóir, freisin, go mbainfeadh sé coigealtas suntasach amach don Státchiste. | I bhfeidhm agus leanúnach. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Stát a dhualgais faoi dhlí an AE a chomhlíonadh. Oibreoidh CSSO leis an NPS chun straitéis soláthair an Stáit a chomhordú, sa dóigh go mbeidh sí cumasach agus éifeachtúil.<br><br>Tá an Oifig ag obair faoi láthair leis an NPS agus leis an Roinn Airgeadais chun tuilleadh acmhainní dlí oilte a thógáil sa réimse seo. | | R1 2011 |
| 2.23 | 1.25<br>1.27 | **Comhairliúchán Foirne maidir le tuilleadh Deiseanna Coigealtais:**<br><br>Tá aontaithe ag an Oifig ag an gComhpháirtíocht moltaí agus tuairimí breise a lorg ón bhfoireanna maidir le tuilleadh deiseanna coigealtais, feidhmíocht níos fearr agus éifeachtúlacht bhreise, agus tionscnófar an próiseas seo i nDeireadh Fómhair 2010. | Forfheidhmeofar gach moladh inmharthana agus bronnfar luach saothair ar a shon. | R4 2010 |

# **An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí**

I. Bearta i bhFeidhm

II. Bearta ar Siúl

III. Bearta Molta

# I. Bearta i bhFeidhm

| | Sainghníomhaíocht | Buntáistí | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|---|
| | **Athchóiriú an Dlí** | | | |
| **1.** | 37 Tionscadal Athchóirithe Dlí sa *Tríú Clár um Athchóiriú an Dlí 2008 – 2014* (d'fhaomhaigh an Rialtas an clár Athchóirithe Dlí i Nollaig 2007, de réir *Acht an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí 1975*). | Trí na tionscadail seo a chur i gcrích, tabharfar cúnamh chun a chinntiú go n-athbhreithneofar gnéithe suntasacha de dhlí na hÉireann ar bhonn leanúnach agus go ndéanfar moltaí athchóirithe chun an dlí atá ann a shimpliú, a nuachóiriú, a leasú agus a chomhtháthú. Cothaíonn seo coigealtas agus éifeachtacht do shaoránaigh, don phobal gnó agus don earnáil phoiblí, dreamanna ar ghá dóibh uile rochtain a | 1.4 | Thosaigh an Coimisiún obair ar an *Tríú Clár um Athchóiriú an Dlí 2008 – 2014* i 2008. Ó shin i leith, tá 20 den 37 Tionscadal sa Chlár tosaithe nó críchnaithe aige. Cuimsíonn gach Tionscadal Páipéar Comhairleach agus Tuairisc deiridh ina dhiaidh a |

| | Sainghníomhaíocht | Buntáistí | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|---|
| | | bheith acu ar dhlíthe soiléire nua-aimseartha. Is gné thábhachtach í seo de na prionsabail a bhaineann le Rialú Níos Fearr agus Rialú Cliste, mar a leagadh amach le déanaí i gCreatcháipéis an Gheilleagair Chliste. Chinn an Tuairisc um Athbhreithniú Luach ar Airgead a d'eisigh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí go seachadann an Coimisiún aschuir d'ardchaighdeán ag luach níos isle i gcomparáid le múnlaí athchóirithe dlí malartacha. Féach, freisin, na ráitis ar thionscadail roghnaithe ar leith thíos. | | fhoilsiú, le dréacht-Bhille san áireamh. Tá 21 Páipéar/ Tuairisc Chomhairleach foilsithe ag an gCoimisiún i 2008 – 2009 agus foilseoidh sé 11 Páipéar/ Tuairisc Chomhairleach i 2010. |
| **2.** | Tionscadail Athchóirithe Dlí, ar iarratas ón Ard-Aighne (de réir *Acht an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí 1975*). | Tig leis an Ard-Aighne, ó am go ham, a iarraidh ar an gCoimisiún, de réir Acht an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí, ábhar sonrach a scrúdú d'fhonn é a athchóiriú. Ar na samplaí d'iarratais dá short le déanaí bhí:<br>(a) Bunú Bunachar Sonraí DNA, agus (b) Dliteanas Sibhialta na Samárach Fónta agus na nDeonach. Cinntíonn an tsaoráid seo solúbthacht, le go bhféadfaidh an Coimisiún déileáil le cúrsaí nár smaoiníodh orthu nuair a d'fhaomhaigh an Rialtas Clár Athchóirithe Dlí. | 1.4 | (a) Bunú Bunachar Sonraí DNA: le forfheidhmiú sa *Bhille um Cheartas Coiriúil (Fianaise Fhóiréinseach agus Córas Bunachar Sonraí DNA) 2010*.<br>(b) Dliteanas Sibhialta na Samárach Fónta agus na nDeonach: le forfheidhmiú i gCuid 3 den *Bhille um Dliteanas Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2010*. |
| **3.** | Tadhall rialta leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí maidir le tionscadail athchóirithe dlí. | Is Roinn treorach í an Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí ó thaobh moltaí don Rialtas a thionscnamh maidir le moltaí athchóirithe a | 1.4 | I bhfeidhm. |

| | Sainghníomhaíocht | Buntáistí | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|---|
| | | rinne an Coimisiún, laistigh de chomhthéacs níos leithne Chlár Reachtaíochta na Roinne. Bíonn cruinnithe rialta ag an gCoimisiún leis an Roinn, lena n-áirítear cruinnithe sceidealta dhá uair sa bhliain. Cinntíonn siad seo nach ndúblaíonn roghnú na dtionscadal athchóirithe dlí imeachtaí atá ar bun ag an Roinn, rud a sheachnaíonn, mar sin, aon díomailt acmhainní. | | |
| **4.** | Tadhall le Ranna Rialtais eile agus rannpháirt i sainghrúpaí. | Bíonn cruinnithe rialta ag an gCoimisiún, freisin, le Ranna Rialtais eile i dtaobh saintionscadal agus, nuair is ábhartha, chuimsíonn seo ballraíocht i ngrúpaí oibre. Chuimsigh samplaí le déanaí, ballraíocht an Choimisiúin in (a) Grúpa Athbhreithnithe an Rialtais ar Riaráistí Morgáiste agus Fiacha Pearsanta (An Roinn Airgeadais), (b) an Grúpa Oibre Náisiúnta um Mhí-úsáid Airgeadas Daoine Breacaosta (An Roinn Sláinte agus Leanaí), agus (c) an Grúpa r-Reachtaíochta (Roinn an Taoisigh). Tá sé i gceist anseo cúnamh breise a sholáthar d'fhorbairt beartais gan aon chaiteachas breise ar an Stát. | 1.4 | I bhfeidhm. |
| **5.** | Tadhall le comhlachtaí eile Stáit agus le grúpaí sa tsochaí shibhialta. | Bíonn cruinnithe rialta, freisin, ar bun ag an gCoimisiún le comhlachtaí eile Stáit agus le grúpaí sa tsochaí shibhialta maidir le saintionscadail. Cuimsíonn samplaí le tamall anuas, páirtíocht le Seirbhís na gCúirteanna | 1.4 | I bhfeidhm. |

| | Sainghníomhaíocht | Buntáistí | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|---|
| | | maidir le córas próiseála leictreonach a fhorbairt do cháipéisí cúirte (bainteach le tionscadal an Choimisiúin um Achtanna na gCúirteanna: féach thuas) agus Foras Ospíse na hÉireann mar Fhóram Deireadh Saoil (bainteach le tionscadal an Choimisiúin sa Tríú Clár Athchóirithe Dlí 2008 – 2014, maidir le Treoracha Ardchúraim). Cuimsíonn seo, freisin, breis cúnaimh a sholáthar do chomhlachtaí Stáit agus do chomhlachtaí sa tsochaí shibhialta gan aon chaiteachas Stáit breise. | | |
| **6.** | Caillteanas 7 post taighde dlí a bhí faofa. | Sábháil costas. | 1.1 | I bhfeidhm. |
| | **Athráiteas** | | | |
| **7.** | Ullmhú an chéad chláir athráitis, comhdhéanta de 45 Acht nó sraith Achtanna in XML. | Cuireann sé reachtaíocht nuashonraithe ar fáil le leasuithe comhtháite agus anotáilte, rud a shábhálann am dá réir d'úsáideoirí uile na reachtaíochta seo, lena n-áirítear úsáideoirí sa tseirbhís phoiblí, agus a chinntíonn go bhfuil an reachtaíocht níos inrochtana. Cuimsíonn na nótaí faisnéis thosaithe, leasuithe neamhthéacsúla, feidhmiú cumhachta chun rialacha a chruthú, forálacha a bhain leis roimhe seo agus nótaí eagarthóireachta. B'fhéidir go bhféadfaidh bainisteoir an tsuímh ghréasáin r-LRÉ, naisc hipirthéacs na reachtaíochta, a dtagraítear dóibh sna | 1.4 | An chéad chuid den chlár a cuireadh chuig Oifig an AA in Iúil 2010. Fuílleach an chláir le bheith críochnaithe faoi dheireadh 2010. |

| | Sainghníomhaíocht | Buntáistí | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|---|
| | | hathráitis, a chur leis arna fhoilsiú.<br><br>Is ualach agus costas ar gach úsáideoir, lena n-áirítear Ranna Rialtais, gairmithe dlí agus a gcliaint, agus baill den phobal, an costas a bhainfeadh le staid reatha an dlí a fhionnadh. Cothófar éifeachtúlacht agus coigilt costas trí athráitis a bheith ar fáil. Feabhsóidh sé trédhearcacht an dlí mar a rianaítear sin i gcuspóirí "Rialáil Níos Fearr".<br><br>Cuireann athráitis, freisin, le ullmhú comhdhlúthuithe agus le athchóiriú reachtaíochta, trí ráiteas nuashonraithe a sholáthar faoin dlí mar phointe tosaigh (rud a chonacthas le déanaí nuair a úsáideadh dréachtráiteas Acht an Bhainc Ceannais 1942 le reachtaíocht nua a ullmhú. | | |
| **8.** | Athghabháil agus marcáil stór na nAchtanna 1922 – 1998 agus c.400 Acht réamh-1922. | Cumasaigh seo eagarthóireacht a dhéanamh orthu in XML agus iad a fhoilsiú go leictreonach nó i gcló, i bhfoirm chaighdeánach. D'fheabhsaigh an athghabháil an caighdeán cruinnis go c. 99.998%.<br><br>Tig na sonraí athghafa a chur ar fáil, freisin, do Ranna Rialtais eile a bhfuil reachtaíocht uathu i bhformáid leictreonach, chun críocha eile. Laghdóidh seo costais sna Ranna sin. | 1.4 | Tá an stór ar fáil agus tugadh d'Oifig an AA agus d'Oifig na mBillí é le foilsiú ar a suíomhanna gréasáin faoi seach (r-LRÉ san áireamh). |

| | Sainghníomhaíocht | Buntáistí | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|---|
| **9.** | An stór XML reatha d'ionstraimí reachtúla a athrú. | Chumasaigh seo a n-eagarthóireacht in XML, agus foilsiú leictreonach nó cloíte i bhfoirm chaighdeánach.<br><br>Tig na sonraí athraithe a chur ar fáil, freisin, do Ranna Rialtais eile a éilíonn reachtaíocht i bhformáid leictreonach chun críocha eile. Laghdóidh seo costais sna Ranna sin. | 1.4 | Tá an stór IR ar fáil d'eagarthóireacht agus do shuíomh gréasáin an r-LRÉ, freisin. |
| **10.** | Córas ceapadóireachta a choimisiúnú chun eagarthóireacht na reachtaíochta in XML a lamháil. | Cumasaíonn an córas ceapadóireachta eagarthóireacht in XML, mar a choinnítear an stór reachtaíochta. Tig leaganacha XML na nAchtanna, a fhoilsítear ar an suíomh gréasáin r-LRÉ agus a chuireann Oifig an AA ar fáil, a chur in eagar gan aon oiriúnú nó athrú eile. Tá na leagannach XML d'athráitis oiriúnach lena bhfoilsiú ar an suíomh ghéasáin r-LRÉ, agus tig athchuspóir a thabhairt dóibh, de réir mar is gá d'aon tionscnamh r-Reachtaíochta eile. | 1.4 | Tá an córas Ceapadóireachta i bhfeidhm agus in úsáid. |
| **11.** | Cailliúint beirt thaighdeoirí ó thionscadal Athráiteas an Dlí Reachtúil. | Coigilt costais. | 1.1 | I bhfeidhm. |
| | **Eolaire Reachtaíochta** | | | |
| **12.** | Eolaire Reachtaíocht na nAchtanna a nuashonrú chun faisnéis ó 2006 – 2010 a chur san áireamh. | Soláthraíonn sé sonraí leasuithe maidir le reachtaíocht phríomha. Laghdaíonn sé an t-ualach ar Ranna Rialtais, ar ghairmithe dlí, agus ar an ngnáthphobal, toisc nach gá dóibhsean taighde ar leith a dhéanamh ná íoc | 1.4 | I bhfeidhm agus nuashonrófar é go míosúil faoi réir fachtóirí seachtracha. |

| | Sainghníomhaíocht | Buntáistí | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|---|
| | | as, chun staid an dlí a fhionnadh. Cothaíonn sé éifeachtúlacht agus, ar deireadh, sábháil costais. Feabhsaíonn sé trédhearcacht an dlí, freisin, de réir na gcuspóirí i "Rialáil Níos Fearr". | | |
| **13.** | Uirlis cheapadóireachta a choimisiúnú d'fhonn Eolaire Reachtaíochta a ullmhú. | Tá an uirlis cheapadóireachta nua bunaithe ar chóras XML nua-aimseartha. Tá cáil forleathan uirthi seo mar cheannaire domhanda. Glacann an córas seo áit córais níos sine a bhí bunaithe ar Lotus Notes. Lamhálfaidh sé comhtháthú faisnéise ar bith a úsáidtear san Eolaire Reachtaíochta le aon tionscadal r-Reachtaíochta níos leithne, sa dóigh nach gá na sonraí a athoibriú. Cothóidh seo éifeachtúlacht bhreise agus sábháil costais do na ranna Rialtais ábhartha. | 1.4 | I bhfeidhm. |
| **14.** | Cailliúint taighdeora amháin ó thionscadal an Eolaire Reachtaíochta. | Sabháil costais. | 1.1 | I bhfeidhm. |
| | **Riarachán** | | | |
| **15.** | **<u>Rialachas Corparáide</u>**<br><br>MAC | <br><br>D'fhonn bainistiú éifeachtach an Choimisiún a chinntiú, agus a chinntiú go n-aimsítear cuspóirí an phlean gnó, tagann coiste bainistíochta le chéile gach mí. | <br><br>4 | <br><br>I bhfeidhm agus leanúnach |

| | Sainghníomhaíocht | Buntáistí | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|---|
| **16.** | Coiste Iniúchóireachta | Tá coiste iniúchóireachta inmheánach ag an gCoimisiún chun obair na hiniúchóireachta seachtraí a mhaoirsiú agus chun obair iniúchóireacht inmheánach AGO a chomhlánú. | 4 | I bhfeidhm agus leanúnach |
| **17.** | **TF** | | | |
| | Sage | Tá an Coimisiún i mbun roll amach úsáid bhogábhar cuntasaíochta SAGE. Cinntíonn úsáid SAGE agus na próisis feabhsaithe inmheánacha san Aonad Airgeadais go gcloíonn an Coimisiún leis na riachtanais rialála, mar shampla, leis an Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997. | 10,12 | I bhfeidhm agus leanúnach |
| | Teimpléad Foilsithe | Tá teimpléad foilsithe forbartha ag an gCoimisiún a lamhálann ullmhú intí na dTuairiscí agus na bPáipéar Comhairliúcháin, rud a shábhálann costais sheachtracha agus a chuireann deireadh le moill chlódóireachta. | | I bhfeidhm agus leanúnach |
| **18.** | **Acmhainní Daonna** | | | |
| | Laghdú Líon Foirne | Imlonnaíodh 1 Príomh-Oifigeach, sábháil de thart ar €84,132 sa bhliain. | 7,1 | 10/1/2010 críochnaithe |
| | | Athlonnaíodh beirt Oifigeach Feidhmiúcháin, sábháil de thart ar €68,720 sa bhliain. | 7,1 | 1/3/2010 críochnaithe |
| | | Athlonnaíodh 1 Oifigeach Cléireachais, sábháil de thart ar €25,339 sa bhliain. | 7,1 | 27/8/2010 críochnaithe |
| | | Ceadú líon na dtaighdeoirí dlí laghdaithe ó 15 | 1 | críochnaithe |

| | Sainghníomhaíocht | Buntáistí | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|---|
| | | go 8. | | |
| **19.** | PMDS | Úsáidtear PMDS go gníomhach do gach ball foirne sa Choimisiún. Úsáidtear an córas PMDS chun ról-phróifílí foirne a ullmhú ag tús na bliana; leagann sé bonn, freisin, ar ar féidir plean oiliúna a fhorbairt. Nuashonraíodh foirm an PMDS lena chinntiú go gcuimsíonn sé innsintí bríocha a bhaineann leis an mball foirne atá faoi athbhreithniú. | 12,13 | I bhfeidhm agus leanúnach |
| **20.** | Oiliúint | Tá próiseas ionduchtaithe foirmeálta ann do gach ball foirne nua. Sainaithnítear riachtanais oiliúna na foirne uile ag tús na bliana, le cabhair rólphróifílí na foirne. Úsáideann an Coimisiún oiliúint intí nuair is féidir; mar shampla, soláthraíonn an t-oifigeach TF oiliúint TF agus teimpléid. Cuireann an Stiúrthóir Taighde oiliúint ar fáil i mBainistiú Tionscadal. (Roimhe seo, úsáideadh traenálaithe seachtracha sa chéim forbartha de chlár oiliúna an Choimisiúin.)<br><br>Bhain an Coimisiún leas, freisin, as go leor de na cúrsaí a thugann Roinn Oiliúna na Státseirbhíse agus Gaeleagras saor in aisce. | 4,12,13 | I bhfeidhm agus leanúnach |
| **21.** | Gnáthaimh Saoire Tinnis | Déanann an Coimisiún monatóireacht ghníomhach ar shaoire tinnis. Tugtar tuairisc ar shaoire tinnis gach ráithe do MAC. Tugtar | 12 | I bhfeidhm agus leanúnach |

| | Sainghníomhaíocht | Buntáistí | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|---|
| | | foláirimh de réir Chiorclán 9/2004. | | |
| **22.** | Éiteas na Foirne | Tá léirithe ag an bhfoireann go bhfuil siad tiomanta a chinntiú go seachadann an Coimisiún obair d'ardchaighdeán. Gar do spriocamanna foilsitheoireachta agus d'fhonn an tasc a chríochnú, léiríonn an fhoireann go minic go bhfuil siad sásta uaireanta breise/neamhshóisialta a chaitheamh ag obair. | 11,12,13 | I bhfeidhm agus leanúnach |
| **23.** | Earcú | D'éirigh leis an gCoimisiún ochtar taigheoir dlí nua a earcú trí fheachtas Náisiúnta i mbliana. Baineadh leas as saorfhógraíocht, trí fhógraíocht a dhéanamh ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin agus trí fhógraíocht a dhéanamh trí Ollscoileanna in Éirinn agus san Eoraip agus, freisin, trí gach cumann dlí ábhartha. Tar éis agallaimh, léirigh na daoine a roghnaíodh go raibh na scileanna ábhartha acu, chun a chinntiú go gcoinneofaí ardchaighdeán taighde dlí an Choimisiúin. | 12,13 | I bhfeidhm agus leanúnach |
| **24.** | Cothromaíocht Inscne | Aimsíodh agus sáraíodh na Spriocanna Cothromaíochta. | 12 | I bhfeidhm agus leanúnach |
| **25.** | Fostú Daoine faoi Mhíchumas | Aimsíodh na Spriocanna Cothromaíochta i 2008, 2009 agus 2010. | 12 | I bhfeidhm agus leanúnach |
| **26.** | Cothromaíocht Oibre is Saol | Spreagann an Coimisiún cothromaíocht oibre is saol. I 2008 agus 2009, bhain OF leas as | Comhaontú Earnáil na | I bhfeidhm agus leanúnach |

| | Sainghníomhaíocht | Buntáistí | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|---|
| | | saoire scoile. I 2010, ghlac OC saoire trí mhí gan phá ar chúiseanna teaghlaigh. I 2009/2010 deonadh socrú solúbthacht oibre do bhall foirne chun leas a bhaint as breis oideachais. | SS agus NCSSB | |
| **27.** | Laghdú ar Thuarastail Foirne | Thabhaigh gach ball foirne laghdú tuarastail, mar a d'éiligh gearrtha pá na seirbhíse poiblí.<br><br>Tosóidh nuabhaill foirne conarthacha ar scála tuarastail níos ísle. | 2<br><br>2 | Eanáir 2010<br><br>Deireadh Fómhair 2010 |
| **28.** | **Laghdú/Seachaint Costais**<br><br>Idirbheartaíocht faoi Chonarthaí Seirbhíse | Tá laghdú lorgtha ar na seirbhísí uile a úsáideann an Coimisiún. Dá thoradh seo, tá na seirbhísí a úsáidtear laghdaithe agus sábháil fhoriomlán ar chostais. | 4 | I bhfeidhm agus leanúnach |
| **29.** | Laghdú ar Chostas Seachadta Seirbhísí | Rinneadh bearta éagsúla chun costas seachadta seirbhísí a laghdú. Clóbhualann an Coimisiún anois meánlíon de 200 cóip de thuairiscí agus páipéir chomhairliúcháin, in áit 500 cóip, agus moltar d'úsáideoirí rochtain ar thuairiscí ar líne saor in aisce. | 4 | I bhfeidhm agus leanúnach |
| **30.** | Athstruchtúrú agus Atheagrú | De bharr atheagrú na hoibre ar an taobh riaracháin agus dlí de, cinntíonn an Coimisiún i gcónaí go gcoinnítear ardchaighdeán aschuir, ainneoin líon laghdaithe na foirne. | 3,4 | I bhfeidhm agus leanúnach |

| | Sainghníomhaíocht | Buntáistí | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|---|
| **31.** | Suíomh Gréasáin | Trí óstáil shuíomh gréasáin an Choimisiúin a athrú, aimsíodh laghdú suntasach ar chostais. Cinntíonn suíomhanna gréasáin cairdiúla go dtig leis an gCoimisiún obair nuashonraithe a thairiscint don phobal go rialta. Forbraítear feabhsuithe leanúnacha intí ar an suíomh gréasáin, mar shampla, spás tiomnaithe do Liostaí Rangaithe na nAchtanna atá beartaithe. Trí sho-rochtain ar thuairiscí ar líne, laghdaítear an gá le an-chuid cruachóipeanna a chló. | 12 | I bhfeidhm agus leanúnach |

# II. Bearta ar Siúl
# Athchóiriú Dlí

| | Sainghníomhaíocht | Buntáistí | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|---|
| | **Athchóiriú Dlí** | | | |
| **1.** | Saintionscadail roghnaithe reatha sa *Tríú Clár Athchóirithe Dlí 2008-2014.* | Léiríonn na samplaí a leanas buntáistí na dtionscadal athchóirithe dlí reatha atá ar bun ag an gCoimisiún.<br><br>1. *Tionscadal maidir le Leanaí agus an Dlí: Cóir Leighis*. Dhéanfadh an tionscadal seo soiléir é do chleachtóirí cúram sláinte an acmhainn atá ag daoine faoi 18 bliana d'aois glacadh le cóir leighis, agus thabharfadh sé "cosaint de mheon maith" do chleachtóirí cúram sláinte maidir le dliteanas sibhialta féideartha. Chuirfeadh seo teorainn le dliteanas féideartha an Stáit, os rud é go gclúdaíonn Scéim Slánaíocht Chliniciúl an Stáit bunús na n-éileamh maidir le faillí chliniciúil.<br><br>2. *Tionscadal faoi chosaintí sa Dlí Coiriúil.* Dá thoradh seo d'achtófaí don chéad uair reachtaíocht faoi na | 1.4 | 1. *Tionscadal faoi Leanaí agus an Dlí: Cóir Leighis*. Tuairisc críochnaithe, geall leis; a fhoilsiú sceidealta R1 2011.<br><br>2. *Tionscadal faoi chosaintí sa Dlí Coiriúil.* Tuairisc foilsithe, gnéithe faoi |

| | Sainghníomhaíocht | Buntáistí | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|---|
| | | príomhchosaintí sa dlí coiriúil, go háirithe féinchosaint (lena n-áirítear cosaint an áitribh), agus cosaintí eile mar bhriogadh agus éigeantas. Cuideodh sé, freisin, leis an tionscadal níos leithne atá ann maidir le Bille um Chód Coiriúil a achtú.<br><br>3. *Tionscadal faoi Threoracha Ardchúraim.* Dhéanfadh seo soláthar chun go mbeadh an cumas ag aosaigh treoracha a thabhairt maidir lena gcóir leighis sa todhchaí, dá dtarlódh sé go gcaillfidís inniúlacht meabhrach sa todhchaí (e.g. i dtuairt gluaisteán nó de bharr galar Alzheimer). Chomhlánfadh seo an reachtaíocht ghinearálta atá beartaithe faoi inniúlacht meabhrach agus atá molta ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí. | | chosaint an áitribh le fáil sa *Bhille um Chosaint an Áitribh 2010.*<br><br>3. *Tionscadal faoi Threoracha Ardchúraim.* Tuairisc foilsithe; d'fhéadfaí an dréacht-Bhille a chorparú sa *Bhille um Inniúlacht Meabhrach* (An Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí). |
| **2.** | Críochnú an Tionscadail Athchóirithe Dlí ar iarraidh an Ard-Aighne | Tá an Coimisiún gafa faoi láthair le iarratas ón Ard-Aighne, a rinneadh i nDeireadh Fómhair 2009, maidir le Breitheanna Éigeantacha. | 1.4 | Foilseofar an Tuairisc faoi dheireadh 2011. |
| | **Athráiteas** | | | |
| **3.** | Críochnú an Chéad Chlár Athráitis | An chéad chuid den chlár curtha chuig | 1.4 | Iúil go Nollaig 2010 |

| | Sainghníomhaíocht | Buntáistí | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|---|
| | | Oifig an AA in Iúil. An chuid eile de na hAchtanna á n-athshonrú. | | |
| **4.** | Beachtú córas ceapadóireachta XML. | Tá an Coimisiún ag sonrú go gcuirfí roinnt áiseanna leis an gcóras ceapadóireachta chun go mbeidh sé níos éifeachtúla. | 1.4 | Meán Fómhair go Nollaig 2010 |
| **5.** | Forbairt an dara clár athráitis ar bhonn aighneachtaí agus comhairle an Ghrúpa Úsáideoirí | Roghnófar reachtaíocht a thabharfaidh buntáiste do mhórphobail úsáideoirí, daoine san earnáil phoiblí san áireamh. D'fhéadfadh an obair athráitis a bheith mar ullmhú do chomhdhlúthú, do chódú agus athchóiriú, agus sa tslí seo chabhródh sí leis an reachtaíocht a dhéanamh níos ábhartha agus inrochtana. | 1.4 | Iúil go Nollaig 2010 |
| | **Eolaire Reachtaíochta** | | | |
| **6.** | Cuimseoidh uasghrádú an Eolaire Reachtaíochta iarmhairtí reachtaíochta réamh-shaoirse (leasuithe, leasuithe neamhthéacsúla agus bealaí eile ina raibh tionchar ar reachtaíocht). Tá thart ar 1,000 reacht réamh-1922 fós ar an leabhar reachtaíochta, agus leasaíodh go leor acu roimh 1922. | Leigheasann seo easpa fad-aitheanta ar an Eolaire Reachtaíochta. Laghdóidh sí an t-ualach ar Ranna Rialtais, ar ghairmithe dlí agus ar an mórphobal, sa mhéid nach mbeidh orthu taighde ar leith a dhéanamh nó íoc as níos mó, chun staid an dlí a fhionnadh. Cothóidh seo éifeachtúlacht agus ar deireadh, coigealtas. Feabhsóidh sí trédhearcacht an dlí de réir cuspóirí "Rialáil níos Fearr".<br><br>Tá an tionscadal seo mar bhreis ar an | 1.4 | Tá méid suntasach eolais i bhfeidhm agus cuirfear tuilleadh eolais leis ar bhonn míosúil faoi réir fachtóirí seachtracha. |

| | Sainghníomhaíocht | Buntáistí | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|---|
| | | tionscadal a aistríodh chuig an gCoimisiún. Tá sé á chríochnú le foireann laghdaithe agus le intéirnigh neamhíoctha agus gan chostais bhreise don Státchiste. | | |
| **7.** | Sainaithint ionstraimí reachtúla atá i bhfeidhm sa dlínse.<br><br>Rinneadh breis agus 28,000 ionstraimí reachtúla ó 1922 i leith, agus tá an-chuid acu as feidhm, seanchaite nó aisghairmithe. Chun rianú na n-athruithe atá as feidhm a sheachaint, tá gach IR seanchaite á shainaithint agus á bhaint den liosta oibre. Is féidir go sainaithneoidh an obair seo, freisin, IR nach bhfuil ábhartha níos mó, ach nár aisghairmeadh. | An chéad chéim chun easnaimh fadaitheanta ar thréadhearcacht na reachtaíochta tánaistí a leigheas.<br><br>Is í aidhm fhadtréimhseach an tionscadail seo, oibriú le Ranna Rialtais agus le comhlachtaí rialaithe eile chun ionstraimí reachtúla atá as feidhm a bhaint as Leabhar Reachtaíochta na hÉireann.<br><br>Laghdóidh an tionscadal seo an t-ualach ar Ranna Rialtais, ar ghairmithe dlí agus ar an mórphobal, óir ní bheidh orthu taighde ar leith a dhéanamh nó íoc as feasta chun staid an dlí a fhionnadh. Cothóidh seo éifeachtúlacht agus, ar deireadh, sábháil costais. Feabhsóidh sí trédhearcacht an dlí, de réir cuspóirí “Rialáil Níos Fearr”.<br><br>Tá an tionscadal seo mar bhreis ar an tionscadal a aistríodh chuig an gCoimisiún. Críochnaíodh é trí úsáid a bhaint as intéirnigh neamhíoctha agus gan aon chostas bhreise ar an státchiste. | 1.4 | Tá an obair seo ar siúl. Meastar go nglacfaidh sé bliain ar a laghad an chéad liosta a dhéanamh. Tá amscalaí seachadta don ghné seo den tionscadal spleách ar intéirnigh neamhíoctha a bheith ar fáil.<br><br>Glacfaidh aimsiú cuspóirí fadtéarmacha an tionscadail seo roinnt blianta agus brathaigh siad ar chomhar idir na páirtithe leasmhara agus ar acmhainní a bheith ar fáil. |

| | Sainghníomhaíocht | Buntáistí | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|---|
| | **Riarachán** | | | |
| **8.** | SAGE | Tá an tAonad Airgeadais ag glacadh oiliúna leanúnaí in úsáid SAGE, agus tá beartaithe acu SAGE a chur i bhfeidhm mar a bpríomh-mhodh coinneála taifead le haghaidh íocaíocht soláthróirí agus párolla. Tá an próiseas seo leanúnach. | 10 | Leanúnach i 2010 |
| **9.** | Conarthaí | Lorgóidh an Coimisiún i gcónaí an luach is fearr is féidir ar airgead nuair a bhíonn conarthaí á n-athnuachan nó á dtionscnamh le haghaidh seirbhísí. | 4 | Leanúnach i 2010/2011 |

# III. Bearta Molta

| | Sainghníomhaíocht | Buntáistí | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|---|
| | **Athchóiriú Dlí** | | | |
| **1.** | Tionscadail a Moladh ón *Tríú Clár Athchóirithe Dlí 2008-2014* | Léiríonn na samplaí seo a leanas, na buntáistí a bhainfeadh leis na tionscadail athchóirithe dlí atá á moladh ag an gCoimisiún.<br>1. *Tionscadal faoi Bhainistiú Fiachais Phearsanta agus faoi Fhorfheidhmiú Fiachais.* Mholfadh seo córas socraithe fiachais reachtúil neamhbhreithiúnach d'fhiachas pearsanta, agus athchóiriú dlí gaolmhar do dhócmhainneacht agus d'fhéimheacht phearsanta. Nasctha le beartas foriomlán rialtais maidir le athchóiriú an dlí faoi fhiachas pearsanta, lena n-áirítear, i gcomhthéacs Grúpa Athbhreithnithe Riaráistí Morgáiste agus Fiachais Phearsanta an Rialtais.<br>2. *Tionscadal faoi Réiteach Malartach Díospóidí.* Mholfadh seo creat ginearálta reachtúil a lamhálfadh díospóidí sibhialta agus tráchtála a réitiú trí eadrán agus idir-réiteach. D'éascódh sé sábháil costas ag | 1.4 | 1. *Tionscadal faoi Bhainistiú Fiachais Phearsanta agus faoi Fhorfheidhmiú Fiachais*. Bheadh Tuairisc, le dréacht-Bhille, foilsithe faoi dheireadh 2010.<br>2. *Tionscadal faoi Réiteach Malartach Díospóidí.* Bheadh Tuairisc, le dréacht-Bhille, foilsithe faoi dheireadh 2010/R1 |

| | Sainghníomhaíocht | Buntáistí | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|---|
| | | comhlachtaí san earnáil phoiblí agus phríobháideach ar mhian leo an creat reachtúil molta a úsáid i gcásanna oiriúnacha.<br><br>3. *Tionscadal faoi Chomhdhlúthú agus Athchóiriú Achtanna na gCúirteanna.* Mholfadh tionscadal seo an Choimisiúin (á dhéanamh i gcomhar le Seirbhís na gCúirteanna agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí) thart ar 200 Acht faoi ról agus feidhm na gcúirteanna a aisghairm, agus Acht Cúirteanna nua-aimseartha amháin a chur ina n-áit. D'éascódh seo na moltaí leanúnacha atá beartaithe chun riarachán éifeachtach an cheartais a chinntiú sna cúirteanna. Chuimseodh na heilimintí athchóirithe: (a) simpliú agus laghdú ar líon na bhfoirmeacha atá riachtanach i gcásanna sibhialta, (b) iallach a chur ar pháirtithe a gcostais a íoslaghdú agus ADR a úsáid nuair is cuí (nasc díreach leis an tionscadal ADR atá molta thuas), agus (c) páirt ghníomhach a bheith ag breithiúna i gcásbhainistiú breithiúnach na gcás-sreabha tríd na cúirteanna. | | 2011.<br><br>3. *Tionscadal faoi Chomhdhlúthú agus Athchóiriú Achtanna na gCúirteanna.* Bheadh tuairisc, le dréacht-Bhille, foilsithe faoi dheireadh 2010/R1 2011. |

| | Sainghníomhaíocht | Buntáistí | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|---|
| | | 4. *Tionscadal faoin Dlí um Chionta Gnéasacha.* Mholfadh seo athchóiriú ar shainghnéithe den reachtaíocht atá ann do chionta gnéasacha, lena n-áirítear, i dtaca le toiliú. Comhlánfadh sé an tionscadal molta atá beartaithe ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí maidir le comhdhlúthú na reachtaíochta ar fad faoi chionta gnéasacha, agus chinnteodh sé nach mbeadh aon fhorluí idir an dá thionscadal molta seo. | | 4. *Tionscadal faoin Dlí um Chionta Gnéasacha.* Bheadh tuairisc, le dréacht-Bhille, foilsithe faoi dheireadh 2012. |
| **2.** | Forbairt Liosta Rangaithe d'Achtanna na hÉireann | Sholáthródh an tionscadal seo Liosta iomlán d'Achtanna Láithreacha na hÉireann, réamh-1922 agus iar-1922 araon, rangaithe faoi cheannteidil na Mór-Ábhar. D'éascódh sé an rochtain ar reachtaíocht do gach úsáideoir, chomhlánfadh sé agus dhéanfadh sé tógáil ar obair an Choimisiúin maidir le Athráiteas an Dlí Reachtúil agus an Eolaire Reachtaíochta (féach thíos), agus tá sé comhsheasmhach le prionsabail Rialáil Níos Fearr agus Rialáil Chliste. | 1.4 | Bheadh Tuairisc, le Liosta Rangaithe Reachtaíochta iomlán foilsithe faoi dheireadh R3 2011. |
| **3.** | Críochnú na dTionscadal Eile atá Fágtha sa *Tríú Clár Athchóirithe Dlí 2008-2014* | Ag cur san áireamh an laghdú 33% ar dheontas an Choimisiúin do 2010, tá ar intinn ag an gCoimisiún an t-ardchaighdeán aschuir a choinneáil (féach Tuairisc 2008 | 1.1, 1.4 | Foilsigh 7-9 Páipéar/Tuairisc Comhairliúcháin i 2011.<br>Foilsigh 7-9 Páipéar/Tuairisc Comhairliúcháin i 2012. |

| | Sainghníomhaíocht | Buntáistí | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|---|
| | | maidir le Athbhreithniú Luach ar Airgead an Athchóirithe Dlí, thuas) go háirithe trí thógáil ar na gnáthaimh bainistíochta tionscadal atá ann faoi láthair. Cinnteoidh seo go n-aimseoidh an Coimisiún luach breise ar airgead tríd an gcaighdeán aschuir atá ann a choinneáil, ach ar chostas laghdaithe. I measc na dtionscadal eile atá le tosú, tá: (a) Gnéithe Dlíthiúla de Atáirgeadh Daonna Cuidithe (a thógfar ar bheartas reatha an AE agus an Rialtais sa réimse seo); (b) Gnéithe Dlí Shibhialta den Dlí um Dhaoine ar Iarraidh (a chuirfidh san áireamh Moladh Chomhairle na hEorpa le déanaí faoin ábhar seo, agus athchóiriú sa réimse seo i dTuaisceart Éireann i 2009, ag cur san áireamh, dá réir, dualgas idirnáisiúnta an Stáit, agus ag iarraidh a chinntiú nach bhfuil aon choinbhliocht insáirithe idir an dlí ábhartha sa Stát seo agus i dTuaisceart Éireann. | | Críochnaigh Athbhreithniú Meántéarma an *Tríú Clár Athchóirithe Dlí 2008-2014* faoi lár 2011. |
| **4.** | Forbairt an *Cheathrú Clár Athchóirithe Dlí* | Mar a tharla le linn 2006 agus 2007 nuair a ullmhaíodh an Tríú Clár Athchóirithe Dlí 2008 – 2014, tosóidh an Coimisiún comhairliúchán poiblí ar fhorbairt Cheathrú Clár Athchóirithe Dlí le linn 2013 – 2014. Cinnteoidh an Coimisiún, freisin, go mbeidh tadhall agus comhairliúchán ábhartha aige leis an Ard-Aighne, le Ranna | 1.1, 1.4 | 2013: ceap foireann tionscadail chun ullmhú do chomhairliúchán ar ag g*Ceathrú Clár Athchóirithe Dlí*. 2014: críochnaigh an próiseas comhairliúcháin agus ullmhaigh *Dréacht-Chlár Athchóirithe Dlí* le |

| | Sainghníomhaíocht | Buntáistí | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|---|
| | | Rialtais agus leis an Oireachtas. Déanfar amhlaidh de réir treoirlínte ábhartha 'Rialáil Níos Fearr' faoi chomhairliúchán le comhlachtaí poiblí, chun aschur den chleachtas is fearr a chinntiú ón bpróiseas comhairliúcháin. | | haghaidh faomhadh an Rialtais (de réir *Acht an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí 1975*). |
| | **Athráiteas** | | | |
| **5.** | Modheolaíocht níos dochta le athráitis a ullmhú:<br>Forbairt na ngnáthamh scríofa, an lámhleabhar tagartha a leathnú, oiliúint níos mionsonraithe, agus maoirsiú ar bhonn na n-ábhar thuas. | Táirgiúlacht agus caighdeán oibre níos fearr. Tá seo indéanta anois le leabú an chórais ceapadóireachta agus taithí ar na chéad athráitis.<br><br>Tá an obair seo riachtanach, freisin, mar réamhtheachta do leathnú tionscadal na nAthráiteas, cibé acu ag deonaigh nó ag daoine eile. Faoi réir cistithe, tá féidearthachtaí ann chun scóp agus rannpháirtithe an tionscadail a leathnú, agus tionchar níos mó, dá réir, a imirt ar leabhar na reachtanna agus ar an móreasnamh athráiteas. | 1.4 | Deireadh Fómhair go Nollaig 2010<br><br>2011-2012, faoi réir acmhainní a bheith ar fáil |
| **6.** | An dara clár athráiteas 2011-2012 á ghabháil de láimh. | Soláthróidh sé reachtaíocht nuashonraithe leis na leasuithe comhtháite agus anótáilte, sa dóigh go sábhálfar am ar úsáideoirí uile na reachtaíochta seo, lena n-áirítear úsáideoirí sa tseirbhís phoiblí, agus go ndéanfar an reachtaíocht níos | 1.4 | Eanáir 2011-Nollaig 2012 |

| | Sainghníomhaíocht | Buntáistí | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|---|
| | | inrochtana. Is céim mhór í na hathráitis i dtreo inrochtaine reachtaíochta, agus bheidh siad ina n-éifeachtúlacht mhór do na húsáideoirí uile. Nuair a nascfar iad leis an liosta Achtanna rangaithe, a d'ullmhaigh an Coimisiún, agus arb inmhianaithe, freisin, iad a fhoilsiú ar an r-LRÉ, cumasóidh siad úsáideoirí tuata chun an dlí infheidhmithe a shainaithint go muiníneach don chéad uair.<br><br>Cuimsíonn na nótaí, faisnéis faoi thosach feidhme, leasuithe neamhthéacsúla feidhmiú cumhachtaí déanta rialacha, forálacha tionchair cheana, agus nótaí eagarthóireachta. B'fhéidir go mbeadh sé indéanta na naisc hipirthéacs atá le reachtaíocht, a dtagraítear dóibh in athráitis, a chur mar bhreis leo nuair a fhoilseoidh bainisteoir shuíomh gréasáin an eIBS iad.<br><br>Tá an costas a bhaineann le staid reatha an dlí a fhionnadh ina ualach agus ina chostas ar na húsáideoirí uile, lena n-áirítear Ranna Rialtais, gairmithe dlí agus a gcliaint, agus baill an phobail. Cothófar éifeachtúlacht agus sábháil costais trí athráitis a bheith ar fáil. | | |

| | Sainghníomhaíocht | Buntáistí | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|---|
| | | Feabhsóidh sé trédhearcacht an dlí mar atá leagtha amach ag cuspóirí "Rialáil Níos Fearr".<br><br>Cuireann athráitis, freisin, le ullmhú comhdhlúthuithe agus le athchóiriú reachtaíochta trí ráiteas nuashonraithe faoin dlí a sholáthar mar phointe tosaigh (rud a chonacthas le déanaí nuair a úsáideadh dréacht-athráiteas d'Acht an Bhainc Ceannais 1942 chun reachtaíocht nua a ullmhú). | | |
| | **Eolaire Reachtaíochta** | | | |
| **7.** | Sainaithint ionstraimí reachtúla atá i bhfeidhm sa dlínse.<br><br>Rinneadh níos mó ná 28,000 ionstraim reachtúil ó 1922 i leith agus tá an-chuid acu as feidhm, aisghairmthe nó seanchaite. D'fhonn rianadh athruithe orthu siúd nach bhfuil i bhfeidhm níos mó a sheachaint, tá na IR uile atá as feidhm á sainaithint agus á mbaint den liosta oibre. Tharlódh sé go sainaithneoidh an obair seo, freisin, IR nach bhfuil ábhartha níos mó ach nár aisghairmeadh. | An chéad chéim le heasnaimh fadaitheanta a leigheas le trédhearcacht reachtaíochta tánaistí.<br><br>Is í aidhm fhadthréimhse an tionscadail seo, oibriú le ranna Rialtais agus le comhlachtaí rialála eile chun ionstraimí reachtúla seanchaite a bhaint de Leabhar Reachtanna na hÉireann.<br><br>Laghdóidh an tionscadal seo an t-ualach ar Ranna Rialtais, ar ghairmithe dlí agus ar an mórphobal, óir ní bheidh orthu taighde ar leith a dhéanamh nó íoc aisti | 1.4 | Meán Fómhair 2010 – Nollaig 2011.<br><br>Meastar go nglacfaidh sé bliain ar a laghad chun an liosta tosaigh a dhéanamh. Tá amscálaí seachadta don ghné seo den tionscadal ag brath ar intéirnigh neamhíoctha a bheith ar fáil.<br><br>Glacfaidh sé roinnt blianta chun aidhmeanna fadtréimhse an tionscadail a aimsiú, agus |

| | Sainghníomhaíocht | Buntáistí | Tag PSA | Amchreat/Clocha míle |
|---|---|---|---|---|
| | | feasta chun staid an dlí a fhionnadh. Cothófar éifeachtúlacht agus sábháil costais dá réir. Feabhsóidh sé trédhearcacht an dlí, de réir cuspóirí “Rialáil Níos Fearr”.<br><br>Tá an obair seo de bhreis ar an tionscadal a aistríodh chuig an gCoimisiún. Tá sí á déanamh le cabhair na n-intéirneach agus gan chostas breise ar an Státchiste. | | brathfaidh sé ar chomhar idir na páirtithe leasmhara uile agus ar acmhainní a bheith ar fáil. |
| **8.** | Uasghrádú an Eolaire Reachtaíochta chun ionstraimí reachtúla a chuimsiú, le cabhair na huirlise ceapadóireachta atá ann faoi láthair.<br><br>Ní rianaítear leasuithe ar ionstraimí reachtúla faoi láthair, agus níl coibhéis an Eolaire Reachtaíochta ann d’Achtanna arb fhéidir athruithe a sheiceáil ann. Is gá cuardach córasach a dhéanamh ar an gcorpas reachtaíochta reatha chun a chinntiú cibé ar leasaíodh píosa reachtaíochta tánaistí agus cá mhéad a rinneadh sin. Tig cuardach a dhéanamh go leictreonach le cabhair Leabhar Reachtanna na hÉireann ar líne, ach éilíonn sé scil agus fios gnó, rud nach bhfuil ar fáil go coitianta ag úsáideoirí tuata. | Seo an dara céim chun easnaimh fad-aitheanta ar thrédhearcacht na reachtaíochta tánaistí a leigheas. Laghdóidh sé an t-ualach ar Ranna Rialtais, ar ghairmithe dlí agus ar an mórphobal, ós rud é nach mbeidh gá orthu taighde phearsanta a dhéanamh, ná íoc as, chun staid an dlí a fhionnadh. Cothóidh sé éifeachtúlacht agus, ar deireadh, sábháil costais.<br><br>Tá leathnú déanta ar an uirlis cheapadóireachta a coimisiúnaíodh chun tiomsú Eolaire Reachtaíochta d’Achtanna a lamháil, gan chostas breise ar an státchiste, agus chun go mbeidh ar chumas comhlacht cuímhaoinithe eolaire Reachtaíochta a thiomsú d’Ionstraimí Reachtúla.<br>Tá an Coimisiún tiomanta do tháirgeadh Eolaire Reachtaíochta píolótach le | 1.4 | Tá an obair tosaithe agus táthar ag súil le comhaid shamplacha a chur ar fáil faoi dheireadh na bliana, Nollaig 2010.<br><br>Brathfaidh forbairtí breise ar acmhainní a bheith ar fáil. |

| | **Sainghníomhaíocht** | **Buntáistí** | **Tag PSA** | **Amchreat/Clocha míle** |
|---|---|---|---|---|
| | | haghaidh ionstraimí reachtúla den tréimhse 2006 – 2010, ach faoi láthair níl an acmhainn aige féachaint ar na blianta roimh 2006.<br><br>Tá an obair seo de bhreis ar an tionscadal a aistríodh chuig an gCoimisiún. Críochnaíodh í le foireann laghdaithe agus le intéirnigh neamhíoctha, agus gan aon chostas breise a chur ar an státchiste. | | |
| | **Riarachán** | | | |
| **9.** | Riarachán | Coinneoidh an Coimisiún na leibhéil imeachtaí reatha i gcónaí le acmhainní laghdaithe. | 4 | I bhfeidhm agus leanúnach. |